


Údaráis Áitiúla na Mí

Tuarascáil Bhliantúil

2011



Clár Ábhar

1	RÉAMHRÁ	3
2	DAONLATHAS ÁITIÚIL	9
3	POBAL	9
4	SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA.....	17
5	FORBAIRT EACNAMAÍOCH AGUS NUÁLAÍOCHT	21
6	SEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA, DÓITEÁIN, UISCE AGUS COMHSHAOIL.....	22
7	TITHÍOCHT.....	32
8	ACMHAINNÍ DAONNA	34
9	TEICNEOLAÍOCHT NA FAISNÉISE	36
10	IOMPAR	36
11	PLEANÁIL.....	38
12	COMHAIRLÍ BAILE	40
	<i>12.1 COMHAIRLE BHAILE CHEANNANAIS</i>	<i>40</i>
	<i>12.2 COMHAIRLE BHAILE NA hUAIMHE.....</i>	<i>42</i>
	<i>12.3 COMHAIRLE BAILE BHAILE ÁTHA TROIM.....</i>	<i>46</i>
13	AGUISÍN 2: GNÍOMHAIREACHTAÍ SPC.....	48
14	AGUISÍN 4: ÍOCAÍOCHTAÍ LE COMHALTAÍ CHOMHAIRLE CHONTAE NA MÍ.....	49
15	AGUISÍN 6: COMHDHÁLACHA SA BHAILE.....	49
16	AGUISÍN 7: CRUINNITHE NA COMHAIRLE - 2011	50
17	AGUISÍN 8: RÁITEAS AIRGEADAIS BLIANTÚIL	51

1 RÉAMHRÁ

Tá áthas orainn, thar ceann Údaráis Áitiúla na Mí, Tuarascáil Bhliantúil 2011 a chur i láthair. Cuireann foilsíú na Tuarascála Bliantúla seo deis ar fáil gnóthachain agus dul chun cinn iliomad seirbhísí éagsúla de chuid Údaráis Áitiúla na Mí a chur in iúl agus eolas a thabhairt fúthu.

Tá an cúlú eacnamaíochta reatha fós ag cur dúshlán romhainn maidir le hacmhainní airgeadais. Tá an Chomhairle ag leanúint uirthi ag déanamh bainistiú éifeachtach ar a cuid airgid, áfach, agus bhí áthas orainn barrachas €1.4m. a thairgeadh ag deireadh 2011. Níl aon dabht gur blianta deacra a bhí sna blianta deireanacha, ach d'ainneoin cúrsaí airgeadais lean Údaráis Áitiúla na Mí ar aghaidh de sheirbhísí éifeachtúlacha ar ardchaighdeán a chur ar fáil le foireann níos lú agus le hioncam laghdaithe. Tháinig laghdú suntasach ar an líon foirne ó 2010 agus b'éigean dúinn atheagrú a chur ar Rannóga d'fhonn táirgiúlacht agus seachadadh seirbhísí a chinntiú.

Mar sin féin, tá sé tábhachtach a rá go bhfuil an Mhí i seasamh maith chun ról suntasach a ghlacadh maidir le téarnamh na hÉireann. Is í an Mhí ceann de na contaetha is éasca teacht air sa tír, mar gheall ar an infheistíocht i mbóithre, mótarbhealaí agus seirbhísí uisce agus dramhuisce a rinneadh le blianta beaga anuas. Tá obair mhór déanta againn maidir le cur le cuma ár mbailte agus ár sráidbhailte freisin, agus chruthaíomar go bhfuilimid in ann cabhrú le hócáidí ollmhóra a chur ar siúl sa chontae chomh maith. Sampla de na hócáidí sin ná an Solheim Cup 2011, a tionóladh ag Caisleán an Chillín, agus a tharraing aird ar fud an domhain ar an gcontae agus a oidhreacht. Tá Contae na Mí ar cheann de na cinn scríbe gailf is fearr san Eoraip anois, stádas atá tuillte go maith aige tar éis chomh maith is a d'éirigh leis an ócáid gailf na mban is mó ar domhan a óstáil. *Léiríonn an sochar eacnamaíoch €23m do Chontae na Mí an méid ollmhór oibre a rinne an Chomhairle seo agus Turasóireacht na Mí chun ócáid a tharraing aird ar fud an domhain ar an gcontae.*

Cúis mórtais eile dúinn in 2011 ná an t-aitheantas a tugadh don Contae as a chuid oibre ar shábháilteacht ar bhóithre. Bhuaigh an Chomhairle an chatagóir Earnáil Phoiblí de chuid Ghradaim an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre "Leading Lights in Road Safety". Tháinig laghdú ar an líon daoine a maraíodh ar bhóithre Chontae na Mí ó thríocha duine in 2005 go dtí seisear in 2010, a bhuíochas don obair chun beathaí a shábháil agus chun an líon daoine a ghortaítear go dona ar na bóithre a chosc. Tháinig laghdú suntasach ar an líon daoine a ghortaítear go dona ar na bóithre sa tréimhse sin freisin.

Is tosaíocht i gcónaí é díriú ar fhorbairt eacnamaíoch agus cur chun cinn Chontae na Mí mar phríomháit d'infheistíocht isteach. Is é an cuspóir atá againn an Mhí a chur chun cinn ní amháin mar Phríomhchontae Oidhreachta na hÉireann ach mar cheann scríbe turasóireachta den scoth agus mar rogha suíomh gnó d'infheisteoirí chomh maith.

Léirítear an tiomantas leanúnach ó thaobh tacú le pobail sa tuarascáil seo chomh maith agus leanann an Chomhairle ar aghaidh ag obair i gcomhar leo chun uilechuimsitheacht shóisialta a chur chun cinn agus chun rannpháirtíocht i bhforbairt chláir chultúrtha agus chomhshaoil, an clár thar a bheith rathúil Mórtas Ceantair ina measc, a spreagadh.

Ní fhéadfaí na gnóthachain go léir a luaitear sa Tuarascáil Bhliantúil seo a bhaint amach gan comh-ionchur ó Chomhairleoirí, ó Chathaoirligh agus ó Chomhaltaí na gCoistí um Beartas Straitéiseacha, na gCoistí Ceantar, ón bhFoireann Bainistíochta agus ón bhFoireann, i gcomhar leis an iliomad eagraíochtaí deonacha agus pobail. Is féidir, agus tabharfar le tiomantas leanúnach chách, aghaidh ar na dúshláin atá fós os comhair ár gcontae agus táimid ag tnúth le dul i ngleic leis na dúshláin sin le chéile sa bhliain amach romhainn.



Eoin Holmes
Cathaoirleach



Tom Dowling
Bainisteoir Contae

1 DAONLATHAS ÁITIUIL

Grianghraf	Toghcháin Limistéar	Ainm	Seoladh	Polical	Aon Fón.	Ríomhphost
	Dunshaughlin	Cllr. Gerry O'Connor	23 The Downs, Dunshaughlin.	Fine Gael	01 8259034 087 2838311	GOConnor@members.meathcoco.ie
	Dunshaughlin	Cllr. Joseph Bonner	Donaghmore, Ashbourne.	Non-Party	087 9749563	jbonner@members.meathcoco.ie
	Dunshaughlin	Cllr. Niamh McGowan	3 Hunter's Lane, Ashbourne.	Labour	086 2244666	nmcgowan@members.meathcoco.ie
	Dunshaughlin	Cllr. Brian Fitzgerald	Warrenstown, Kilcock.	Non-Party	01 8251847 087 2508247	BFitzgerald@members.meathcoco.ie
	Dunshaughlin	Cllr. Nick Killian	Ballybin, Ratoath, Ashbourne.	Fianna Fáil	01 8256700 086 8109018	nkillian@members.meathcoco.ie
	Dunshaughlin	Cllr. Noel Leonard	4 St. Patrick's Park, Dunboyne.	Fianna Fáil	01 8251216 087 2345186	nleonard@members.meathcoco.ie

Grianghraf	Toghcháin Limistéar	Ainm	Seoladh	Polical	Aon Fón.	Ríomhphost
	Dunshaughlin	Cllr. Maria Murphy	3 The Close, Lutterell Hall, Dunboyne.	Fine Gael	01 8252182 087 6579895	mariamurphy@members.meathcoco.ie
	Kells	Cllr. John V. Farrelly	Hurdlestown, Kells.	Fine Gael	046 9241290 046 9073737 086 2585154	jfarrelly@members.meathcoco.ie
	Kells	Cllr. Catherine Yore	The Rock, Rathendrick, Carnaross, Kells.	Fine Gael	046 9245047 086 3919003	cyore@members.meathcoco.ie
	Kells	Cllr. Eugene Cassidy	Possextown, Nobber.	Fine Gael	046 9052116 086 3717686	ECassidy@members.meathcoco.ie
	Kells	Cllr. Oliver Fox	Cogan Street, Oldcastle.	Fianna Fáil	049 8542774 087 2795741	ofox@members.meathcoco.ie
	Kells	Cllr. Bryan Reilly	Rockfield Road, Kells.	Fianna Fáil	046 9240122 086 2599184	breilly@members.meathcoco.ie

Grianghraf	Toghcháin Limistéar	Ainm	Seoladh	Polical	Aon Fón.	Ríomhphost
	Navan	Cllr. Francis Deane	5 Blackwater Drive, Navan.	Non-Party	046 9023696 046 9022587 086 1234856	fdeane@members.meathco.co.ie
	Navan	Cllr. Shane Cassells	52 Oakleigh, Navan.	Fianna Fáil	01 8407107 086 3399198	scassells@members.meathco.co.ie
	Navan	Cllr. Suzanne Jamal	Flemington, Balrath, Navan.	Fine Gael	041 9825567 087 7971297	sjamal@members.meathco.co.ie
	Navan	Cllr. Jim Holloway	Farganstown, Navan.	Fine Gael	046 9028661 086 2355236	jholloway@members.meathco.co.ie
	Navan	Cllr. Jenny McHugh	Laracor, Trim.	Labour	046 9431775 086 0414217	jmchugh@members.meathco.co.ie
	Navan	Cllr. Joe Reilly	Faughan Hill, Bohermeen, Navan.	Sinn Fein	046 9028392 046 9021345 087 2478508	JoeReilly@members.meathco.co.ie

Grianghraf	Toghcháin Limistéar	Ainm	Seoladh	Polical	Aon Fón.	Ríomhphost
	Navan	Cllr. Tommy Reilly	Ardsallagh, Navan.	Fianna Fáil	046 9027588 087 7450149	TommyReilly@members.meathcoco.ie
	Slane	Cllr. Sirena Campbell	Smithstown, Julianstown.	Fine Gael	087 6444681	scampbell@members.meathcoco.ie
	Slane	Cllr. Jimmy Cudden	23 St Cianan's Villas, Duleek.	Non-Party	041 9823353 086 8246484	jcudden@members.meathcoco.ie
	Slane	Cllr. Ann Dillon-Gallagher	Loughbracken, Drumconrath, Navan.	Fine Gael	041 6854487 086 8800866	ADGallagher@members.meathcoco.ie
	Slane	Cllr. Eoin Holmes	Blackhill, Heathstown, Stamullen.	Labour	087 2242765	EHolmes@members.meathcoco.ie
	Slane	Cllr. Seamus O'Neill	Main Street, Duleek.	Non-Party	041 9823467 086 8548183	sonNeill@members.meathcoco.ie

Grianghraf	Toghcháin Limistéar	Ainm	Seoladh	Polical	Aon Fón.	Ríomhphost
	Slane	Cllr. Wayne Harding	The Village Inn, Slane.	Fianna Fáil	041 9824230 087 7446730	wharding@members.meathcoco.ie
	Trim	Cllr. Joe Fox	Clondoogan, Summerhill.	Fine Gael	046 9557545 087 2621218	JFox@members.meathcoco.ie
	Trim	Cllr. William Carey	Newcastle, Enfield	Fine Gael	046 9541064 085 7135073	WCarey@members.meathcoco.ie
	Trim	Cllr. Jimmy Fegan	Clonfane, Trim.	Fianna Fáil	046 9431146 087	JFegan@members.meathcoco.ie
	Trim	Cllr. Tracy McElhinney	Ballivor	Labour	046 9567641 086 8781785	tmcelhinney@members.meathcoco.ie

2 POBAL

2.1 Bord Forbartha Chontae na Mí

Chas Bord Forbartha Chontae na Mí le chéile ceithre huairé in 2011. Rinne Gníomhaireachtaí cuir i láthair, lena áiríodh:

Fiontraíocht Éireann
An tÚdarás Forbartha Tionscail
Bord Fiontar Contae na Mí
Fóram Eacnamaíochta na Mí
Plean Forbartha Contae na Mí 2013-2019 – Páipéar ar Shaincheisteanna Straitéiseacha
Cumainn Lucht Tráchtála
SIPTU
Tascfhórsa Réigiúnach na nDrugáí san Oirthuaisceart – An Tionscadal Malartaithe Snáthaidí
Comhairle Contae na Mí – Plean Gníomhaíochta Eacnamaíochta a Fhorbairt don Mhí.
Mí Inmharthana – Éire Inmharthana – Colún Comhshaoil
Plé & Comhchomhairle ar Chomhdháil na Náisiún Aontaithe maidir le Forbairt Inmharthana

Cheadaigh Bord Forbartha Contae na Mí pleananna oibre bliantúla do Chomhpháirtíocht na Mí (An Clár LCDP) agus do Choiste Cúraim Leanáí Chontae na Mí an 25ú Márta, 2011.

2.2 Forbairt Phobail

3.3.1 Tionscnamh a thacaíonn le Daoine Breacaosta

Is éard is aidhm leis an Tionscnamh Contae a Thacaíonn le Daoine Breacaosta daoine breacaosta agus a bpobal a spreagadh le bheith rannpháirteach ina imeachtaí le go mbeidh a gcuid pobal ina áiteanna níos fearr, níos folláine agus níos sábháilte do dhaoine breacaosta le bheith ina gcónaí iontu. Shínigh Cathaoirleach Chomhairle Chontae na Mí, an Comhairleoir Eoin Holmes, 'Dearbhú Bhaile Átha Cliath' de Cathracha agus Pobail a Thacaíonn le Daoine Breacaosta i Meán Fómhair 2011. Ba é sin an chéad tiomantas idirnáisiúnta a tugadh maidir lenár bpobail a dhéanamh níos tacúla le daoine breacaosta agus léirigh sé an tiomantas leanúnach i leith cur le saolta na ndaoine breacaosta i gContae na Mí. Tá Straitéis a Thacaíonn le Daoine Breacaosta á hullmhú i gcomhchomhairle le príomhghceallsealbhóirí.

3.2.2 Seimineár ar Ullmhacht an Phobail maidir le hImeachtaí Fíor-Dhrochaimsire

A bhuíochas do thionscnamh Comhairle Contae a tionóladh i mí na Samhna 2011, bhí na príomhghníomhaireachtaí freagartha agus na príomhghrúpaí deonacha agus pobail ábalta teacht le chéile i gCo. na Mí chun eolas a mhalartú agus chun an tslí a d'fhéadfadh na grúpaí sin cabhrú le chéile le linn tréimhse fíor-dhrochaimsire a phlé. Freagra an Rialtais ar an bhfíor-dhrochaimsir sa dá gheimhreadh roimhe sin a bhí mar chúla ar an seimineár.

3.2.3 Tionscnamh Fostaíochta na Mí don Lucht Siúil

Lean FÁS ar aghaidh in 2011 ag maoiniú an tionscadail seo, a bunaíodh faoin Straitéis Idirghníomhaireachta don Lucht Siúil. Tá an tionscadal le leathnú ar fud na tíre in 2012.

3.2.4 Cultúr

Oibríonn *Cultúr* le himircigh i gCo. na Mí. Tá Plean Straitéise forbartha aige le bheith mar threoir d'obair *Cultúr* don tréimhse 2010-2013. Tugann Comhairle Contae na Mí maoiniú ón Roinn Dí agus Cirt and Comhionannais – An Oifig Lánpháirtíú Imirceach – do *Cultúr*.

D'eagraigh *Cultúr* comórtas grianghrafadóireachta chun cur leis an bhfeasacht ar chiníochas i ndiaidh na hócáide inar maraíodh daoine san Iorua. Tugadh cuireadh do na buaiteoirí casadh le hAmbasadóir na hIorua in Ambasáid na hIorua i mBaile Átha Cliath.

3.3 Fóram Pobail agus Deonach

Chas an Grúpa Stiúrtha le chéile 10 n-uair i rith 2011 agus thionóil siad a gCruinniú Ginearálta Bliantúil i mBealtaine 2011. Bhí na Fóraim i dteagmháil lena bpobail áitiúla chun trealamh sábháilteachta a chur ar fáil, mar shampla alairm deataigh do na bodhair agus do dhaoine lagéisteachta agus trealamh uile-aimsire. Is féidir le Grúpaí Pobail úsáid a bhaint as trealamh do chruinnithe anois tríd an tseirbhís Leabharlainne, mar shampla, córais fógartha poiblí, soghluaiste, seastáin le haghaidh callairí, cláir taispeána agus seastáin infhillte.

3.3.1 Cumarsáid Phobail

Tá láithreach ar an ngréasán ar fáil do ghrúpaí deonacha agus pobail ag www.meathcommunities.ie. Tá láithreáin ghníomhacha ag 94 grúpa faoi láthair.

3.3.2 Láithreáin Ghréasáin Acmhainne

Tá na láithreáin ghréasáin seo a leanas ar fáil don phobal i gcónaí agus tugann siad acmhainní agus eolas luachmhar do ghnólaicthe agus don phobal:- Eolaire Oideachais agus Oiliúna na Mí (www.metd.ie); Tairseach Cúraim na Mí (www.meathcareportal.ie); Eolaire Seirbhísí Tacaíochta na Mí (www.meathsupportservices.ie); Meath4Funding (www.meath4funding.ie); agus liosta Maoine Gnó na Mí www.meathbusinessproperty.ie.

3.4 Uilechuimsitheacht Shóisialta

3.4.1 An Grúpa SIM

Oibríonn an Grúpa SIM mar fhóram líonraithe agus roinnte eolais do ghrúpaí idirghníomhaireachta agus forbartha áitiúla sa Chontae. Chuathas i gcomhairle leis an ngrúpa sular ceadaíodh clár oibre Chomhpáirtíocht na Mí i ndáil le maoiniú faoin gClár Forbartha Pobail Áitiúil (LCDP) agus Clár Oibre Choiste Cúraim Leanaí Chontae na Mí.

3.4.2 An tAonad Uilechuimsitheachta Sóisialta

Tá an tAonad Uilechuimsitheachta Sóisialta do Chomhairle Chontae na Mí maoinithe i bpáirt ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil i gcónaí. Le linn Sheachtain na hUilechuimsitheachta Sóisialta i nDeireadh Fómhair 2011, d'fhonn cur leis an bhfeasacht ar Uilechuimsitheacht Shóisialta, rinne Aonad Uilechuimsitheachta Sóisialta na Mí comhordú ar ócáidí arna n-eagrú ag na grúpaí seo a leanas: Ceardlann Lucht Siúil na Mí, RAPID, Rannóg Chomhshaoil Chomhairle Chontae na Mí, Cultúr, Coiste Cúraim Leanaí Chontae na Mí, Jigsaw, Ionad Oibríthe Deonacha na Mí, Springboard, Job Matters, Tionscnamh Fostaíochta Lucht Siúil na Mí.

3.4.3 An Óige

Lean comhordaitheoir páirt-aimseartha ar aghaidh ag obair le Comhairle na nÓg Chontae na Mí i rith 2011. Tríd an gciste forbartha a d'éisigh Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige a mhaoinítear an obair seo.

Téitear i gcomhairle chomhaltaí Chomhairle na nÓg ar cheisteanna a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar shaoil daoine óga i gContae na Mí. Dhírigh plean oibre Chomhairle na nÓg ar an bhfeasacht ar dhruagaí agus ar a héifeachtacht sin i gContae na Mí.

Ghlac an Grúpa páirt i gceardlann i mBiorra i Meán Fómhair 2011 mar chuid dá chlár oibre bliantúil. Bhí baint acu i mí Deireadh Fómhair le dealbh mhór a chruthú a cuireadh ar taispeáint i bPáirc Dhún Seachlainn mar chuid den Seachtain Náisiúnta Taitneamhachta. Chabhraigh siad freisin leis an ócáid 'Pucas and Potions', a raibh an-tóir air, ag Féile Oíche Shamhna na Leanaí arna heagrú ag Oifig na nEalaíon de chuid Chomhairle Chontae na Mí.

3.4.4 Tionscadal Meabhairshláinte don Óige

Osclaíodh Cárta don Óige JIGSAW san Uaimh, i ndiaidh maoiniú a fháil trí Bhord Forbartha an Chontae. Tugann Jigsaw na Mí seirbhísí áitiúla agus grúpaí pobail le chéile chun tacaíocht níos fearr a thabhairt do riantanais folláine daoine óga 12 go 25 bliana d'aois.

3.4.5 Míchumas

I mí Aibreáin tharraing Coiste Comhairleach um Míchumas de chuid Chomhairle Chontae na Mí aird ar an ngá le páirceáil mar is ceart agus úsáid mar is ceart a bhaint as na spásanna atá marcáilte do dhaoine faoi mhíchumais i gContae na Mí. Thug na grúpaí seo a leanas tacaíocht do Sheachtain Feasachta ar Pháirceáil na Mí: comhaltaí tofa de chuid Údarás Áitiúla na Mí, Cónaidhm na hÉireann um Míchumas, Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann agus People with Disabilities Ireland (PWDI) agus rinne An Garda Síochána agus Maoir Tráchtá na nÚdarás Áitiúil monatóireacht ar an tseachtain.

Lean na hIniúchtaí agus an Plean Feidhmithe um Míchumas de bheith ina n-acmhainní luachmhara maidir le fáil níos fearr a bheith ar sheirbhísí i gContae na Mí.

3.5 RAPID

Cheadaigh an AIT Plean nua RAPID do 2011 i Márta 2011. Bunaíodh trí ghrúpa gnímh; Tacaíocht Teaghlaigh & Sláinte, Oideachas & Óige, agus Sábháilteacht Pobail & an Timpeallacht Fhísiciúil, chun an plean a chur i bhfeidhm. Cuireadh tríocha cúig ghníomh i gcrích, as a lean rannpháirtíocht níos mó ón bpobal agus ó ghníomhaireachtaí stáit áitiúla sa chlár, chomh maith le seachadadh seirbhísí níos fearr sa cheantar RAPID. Rinneadh suirbhé Anailíse ar Riachtanais RAPID agus beidh na torthaí mar ghné thábhachtach den treo ina dhíreofar an clár RAPID san Uaimh amach anseo. Dháil Pobal €5,500 ar AIT RAPID na hUaimhe i dtreo an Bhuiséid Tacaíochta Pobail.

3.6 Mórtas Ceantair

3.6.1 Tionscnaimh Mhórtas Ceantair

Thug scoileanna agus grúpaí deonacha 182 tionscadal chun críche i 2011 faoi na Tionscnaimh Bliantúla Mhórtas Ceantair. Airíodh ar na tionscadail sin go leor scéimeanna feabhsúcháin baile agus sráidbhaile, spásanna taitneamhachta a chur ar fáil agus a chothabháil, tionscadail bhithéagsúlachta, scéimeanna athchúrsála agus aisghabhála, plandáil inbhuanaithe, múiríníú pobail agus forbairt ar ghairdíní inbhuanaithe in go leor scoileanna le go bhféadfadh leanaí scoile bia a tháirgeadh.

Ballinlough a bhuaigh an duais foriomlán ag searmanas san Uaimh i mí Deireadh Fómhair, agus fuair go leor tionscadal den scoth eile aitheantas ar a gcuid iarrachtaí.

Scoil Speisialta Mhuire i mBaile Sheáin, an Uaimh, a bhuaigh an príomhdhuais i gcatagóir na scoileanna.

3.6.2 Gradaim Mhórtas Ceantair Uile-Oileáin Co-Operation Ireland

Feirm Causey, An Seanchaisleán, Seirbhís Tarrthála agus Aisghabhála Iascairí na Bóinne agus Dún Seachlainn a rinne ionadaíocht ar Chontae na Mí sa Chomórtas Mhórtas Ceantair Co-Operation Ireland. Seirbhís Tarrthála agus Aisghabhála Iascairí na Bóinne a bhuaigh an gradam náisiúnta foriomlán ina gcatagóir agus Dún Seachlainn a bhain an dara háit amach ag Searmanas na nGradam i Loch Garman.

3.6.3 An Léig Frithbhruscair 2011

Ghlac nócha dó grúpa pobail agus deonach agus meánscoil páirt sa chomórtas seo inar bhailigh na céadta bruscar ó ar fud an chontae thar thréimhse sé seachtaine i Márta agus in Aibreán 2010. Chuir Comhairle Chontae na Mí málaí, lámhainní, prioslóirí, boscaí bruscair agus bailiúcháin dramhaíola ar fáil le cabhrú leis na grúpaí sin, agus tionóladh oíche ghradam in Ionad Ealaíon Ghrianstaid in Aibreán.

3.6.4 Tionscadail Tírdhreacha an Solheim Cup

Ghlac dhá ghrúpa is fiche páirt i scéim tírdhreacha ar fud an chontae chun fáilte a chur roimh chuairteoirí chuig comórtas an Solheim Cup. Chruthaigh daoine i mbailte agus i sráidbhailte áitiúla gnéithe tírdhreacha beomhara lena dtacaíocht agus a spéis sa chomórtas a chur in iúl.

3.6.5 Tionscadail Pobail Comhshaoil agus Scéim Deontas Oibreacha

Tá dhá scéim ar fáil faoi láthair sa Chontae, in Knockharley agus i mBaile Chearráin, le haghaidh oibreacha feabhsúcháin comhshaoil. D'fhéadfadh grúpaí pobail agus líonta tí ceadaithe sa dá limistéar sin cáiliú do chúnamh deontais faoin Scéim seo. Déanann coiste áitiú moltaí ar iarratais i ngach cás agus cuirtear na hiarratais ar aghaidh chuig an gComhairle ansin lena gceadú.

3.7 Oifig na nEalaíon

Oibríonn Seirbhís na nEalaíon de chuid Chomhairle Chontae na Mí go dlúth le healaíontóirí, daoine aonair agus pobail chun cur leis an rochtain agus an bhfeasacht ar na healaíona agus leis an rannpháirtíocht iontu ar feadh gach disciplín

agus gach earnáil sa tsochaí. Baineann sí é sin amach trí shraith bhliantúil imeachtaí cultúir a chur ar fáil, ina measc tionscadail ceoil, damhsa, drámaíochta, físealíne, litríochta agus ealaíona rannpháirteacha. Cuireann sé raon leathan deiseanna maoinithe ar fáil freisin d'ealaíontóirí agus do ghrúpaí as gach disciplín, idir amaitéarach agus ghairmiúil, chomh maith le seirbhís chuimsitheach eolais agus chomhairle. Feidhmíonn sí mar éascaitheoir d'eagraíochtaí ealaíon freisin agus bíonn ról ollmhór aici i bhforbairt thionscadail infreastruchtúir ealaíon agus samhlacha deachleachtais don chontae.

Coimisiúnaíodh saothair nua i raon disciplíní ealaíne in 2011 agus cuireadh roinnt saothar a choimisiúnaigh Comhairle Chontae na Mí ar taispeáint don chéad uair. Tá na gníomhartha sin beartaithe tacú le beartas an Údaráis Áitiúil tacú le hiarrachtaí ealaíonta ardcháilíochta, deiseanna fostaíochta a chur ar fáil d'ealaíontóirí agus inbhuanaitheacht agus marthanacht fadtéarmach do na healaíona sa chontae a chur ar fáil.

I measc na gcomhpháirtithe ar oibríodh leo in 2011 bhí: An Chomhairle Ealaíon, Ionad Ealaíon Ghrianstaid, Ionad Pobail Ráth Tó, Alternative Entertainments Ltd., Music Network, Oifig Oidhreachta na Mí, Age and Opportunity Ireland, Cónaidhm Óige na Mí, Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Chontae na Mí, Gailearaí Náisiúnta na hÉireann, Bunscoileanna agus Meánscoileanna sa chontae, 25 Ionad Scoir Ghníomhach i gContae na Mí, Meath Harp Ensemble, Tall Tales Theatre Company, Noggin Theatre Company, Rannóg Oideachais For-Rochtana an Cheoláras Náisiúnta.

3.7.1 Féile na Bealtaine

Reáchtáil Oifig na nEalaíon de chuid Chomhairle Chontae na Mí dhá ócáid spreagúla a tionóladh i 10 seisiún in áiteanna éagsúla ar feadh Chontae na Mí. Chuir Carnation Theatre dráma ar an stáitse – 'Noah's wife missed the boat' – dráma gairid greannmhar a raibh ceol ann, agus sraith píosaí gearra ceolmhara dar teideal Musical Memories, á seinm ag 3 ceoltóirí gairmiúla a chuir ceol beo ar fáil in áiteanna éagsúla i gCo. na Mí. Reáchtáladh Musical Memories i gcomhar leis an gCeoláras Náisiúnta agus bhí sé maoinithe i bpáirt aige freisin. Tionóladh na hócáidí sin sna leabharlanna san Uaimh, i nDún Búinne, i gCill Dhéagláin, i nDamhliag agus i nDún Seachlainn, agus i dTeach Altranais Naomh Seosamh, in Ionad an Tríú hAois Chnoc an Línsigh agus i gClub Cairdis na hOibre.

3.7.2 Oíche Chultúir

Chan an Cór Aireagail Náisiúnta in Ionad Ealaíon Ghrianstaid chun Oíche Chultúir a cheiliúradh an 23 Meán Fómhair, 2011.

3.8 Sparántachtaí agus Dámhachtainí 2011

3.8.1 Scéim Deontas Ealaíon Dhébhliantúil

Tá an dámhachtain seo beartaithe tacú le gníomhaíochtaí ealaíon áitiúla agus cur le forbairt agus inbhuanaitheacht fadtéarmach na n-ealaíon i gContae na Mí.

3.8.2 Scéim Deontas d'Fhéilte

Tá an dámhachtain seo beartaithe tacú leis na féilte ealaíon sin a bhíonn ar siúl i gContae na Mí agus a léiríonn tiomantas do chláir ealaíonta ardcháilíochta.

3.8.3 Ciste Forbartha na nEalaíontóirí Gairmiúla

Tá an scéim seo beartaithe tacú le cleachtóirí gairmiúla na n-ealaíon i gContae na Mí maidir lena saothar a chur i gcrích agus go háirithe chun saothair nua a fhorbairt.

3.8.4 Dámhachtain Ealaíne Pobail

Tá an dámhachtain seo oscailte do ghrúpaí pobail, eagraíochtaí pobail agus scoileanna. Tá sé mar aidhm aige tacú le grúpaí maidir le maoiniú do thionscadail ealaíon pobail ardcháilíochta a chuireann teacht ar na hEalaíona agus rannpháirtíocht iontu chun cinn trí bheith ag obair le healaíontóirí gairmiúla.

3.8.5 Dámhachtain Ionad Tyrone Guthrie

Tugann an sparánacht seo deis don iarratasóir a n-éiríonn leis nó léi am chónaitheachta a chaitheamh in Ionad Tyrone Guthrie.

3.8.6 Going Solo

Tá an dámhachtain seo beartaithe tacú le mic léinn sa bhliain deiridh nó iad siúd a bhain céim san ealaíon amach le déanaí, agus atá ag cónaí i gContae na Mí nó arbh as an gContae iad, trí dheis a thabhairt dóibh a gcéad taispeántas aonair a bheith acu in Ionad Ealaíon Ghrianstaid. Tá sparánacht €650 i gceist leis an dámhachtain chomh maith.

3.8.7 Scéim Cheannach Uirlisí Ceoil do Scoileanna

Tá an dámhachtain seo beartaithe acmhainní ceoil na mbunscoileanna agus na meánscoileanna i gContae na Mí a fhorbairt.

3.8.8 Dámhachtain Cuimhneacháin Tony Finnegan

Tá an dámhachtain seo beartaithe cabhrú le daltaí éirimiúla ag Scoil Chláirseacha na Mí freastal ar fhéile bhliantúil na gCláirseach 'An Chúirt Chruitireachta' arna heagrú ag Cairde na Cruite ag An Grianán, Tearmann Feichín, Co. Lú. Déantar dhá dhámhachtain gach bliain.

3.9 Seirbhísí Leabharlainne

3.9.1 Táscairí Feidhmíochta do 2011:

Meánlíon na n-uaireanta oscailte poiblí in aghaidh na seachtaine	
36.63	Leabharlanna lánaimseartha
14.18	Leabharlanna Páirtaimseartha

Líon iomlán na gcuairteanna chuig leabharlanna lánaimseartha
535,700

Stoc Leabharlainne	
578,211	Líon iomlán na nithe a eisíodh

Líon iomlán na seisiún Idirlín a cuireadh ar fáil –
39,244

3.9.2 Infreastruchtúr

3.9.2.1 Leabharlann na hUaimhe

Cuireadh síneadh beag (37sq m) agus atheagrú ar leabharlann brainse na hUaimhe in 2011 agus bhí spás breise do dhaoine óga ar fáil faoi dheireadh na bliana. Ullmhaíodh síneadh nua a bheidh oscailte don phobal go luath in 2012. Tugadh nuachóiriú ollmhór ar Cheanncheathrú Leabharlann an Chontae chun críche i mí na Nollag 2011 agus brúdh pleananna móra athchóireála don fhoirgneamh chun cinn in 2012. Áireofar air sin fuinneoga nua agus rindreáil ar aghaidh an fhoirgnimh.

3.9.2.2 Ionad Cultúir Chill Dhéagláin

Chuir an leabharlann Ionad Cultúir mór nua, Gailearaí agus spásanna Cruinnithe Pobail ar fáil in aice le leabharlann Chill Dhéagláin. Tugadh na hoibreacha infreastruchtúir ollmhóra chun críche laistigh den sprioc ama in 2011.

3.9.3 Staidéir Áitiúla

Chuir an Rannóg Staidéir Áitiúla roinnt taifead Eastáit luachmhar lena mbailiúcháin in 2011 lenar áiríodh Eastáit Naper ag Lough Craobh agus Eastát Bligh ag an Obair. Tugadh obair fhorbartha ar an Tairseach Staidéir Áitiúla chun críche agus beidh an tairseach oscailte in 2012. Infheistíodh roinnt mhaith ama in 2011 sa Tionscadal Taifeadta an Stairsheanchais agus tá oibrí deonach i mbun cáilíocht sa Stairsheanchas a bhaint amach in Ollscoil Luimnigh faoi láthair, faoi bhainistiú na seirbhíse leabharlainne. Tionóladh roinnt cainteanna, seoltaí leabhar agus cur i láthair ar fud an chontae, lenar áiríodh an tsraith imeachtaí i gcumhne Lá an tSosa Cogaidh i Leabharlann Dhún Búinne agus i Leabharlann na hUaimhe.

3.9.4 Forbairt Léitheoirí

Bhí údair atá cáiliúil go hidirnáisiúnta mar phríomh-aíonna ag **Féile Leabhar na Leanáí** bhliantúil i mí Dheireadh Fómhair, ina measc Andy Briggs agus Tom Palmer. Eagraíodh sé imeacht is ochtó ar fud an chontae. D'fhreastail fiche údar ar cuairt agus 3,500 leanbh ar imeachtaí a d'eagraigh baill foirne na leabharlann – an ócáid chultúir do leanáí ba mhó i gCo. na Mí. D'eagraigh baill foirne i leabharlanna brainse imeachtaí chun Seachtain na Gaeilge a cheiliúradh. Ar na himeachtaí sin bhí Lá Domhanda na Leabhar, Seachtain Leabharlann na hÉireann, Bealtaine, Seachtain na hOidhreacht, Seachtain na hUilechuimsitheachta agus Seachtain na hEolaíochta.

3.9.5 Buaicphointí Eile 2011

- Ardán na Meán Sóisialta a chur ar fáil don tSeirbhís Leabharlainne i gcomhpháirtíocht leis an Rannóg TE.
<http://meathcountylibrary.wordpress.com>
<http://facebook.com/meathcountylibrary>
<http://twitter.com/meathlibrary>
- Tugadh Féin-Eisiúint agus Cur ar Ais Uathoibríoch isteach gach ceann de na ceithre príomh-leabharlann.
- D'fhreastail 5,600 leanbh ar Chlár Samhraidh Seirbhíse Leabharlainne agus Ealaíon Chomhairle Chontae na Mí i mí Iúil agus Lúnasa.

3.10 Seirbhísí Oidhreacht

3.10.1 An Straitéis Infreastruchtúr Glas

Is éard is Infreastruchtúr Glas ann (GI) líonra idir-nasctha de spásanna glasa agus uisce a chaomhnaíonn luachanna agus feidhmeanna éiceachórais nádúrtha agus a chuireann le cáilíocht na beatha. Áirítear air sin limistéir chaomhantais dúlra, páirceanna, spásanna oscailte, conairí aibhneacha, tuilemhánna, bogaigh, coillearnaigh, fála scean, talamh feirme agus ceantair chósta, agus spásanna glasa i mbailte agus i sráidbhailte. In 2011 thosaigh Comhairle Chontae na Mí ar Straitéis Infreastruchtúr Glas a ullmhú de réir sáchleachtais idirnáisiúnta agus an treoir náisiúnta atá ag teacht chun cinn.

3.10.2 Cartlann Ghrianghrafadóireachta do Chontae na Mí

Tá bailiúchán mór grianghraf agus íomhánna a bhaineann leis an gcontae ag Comhairle Chontae na Mí, nach bhfuil ar fáil faoi láthair ach trí bhailiúcháin aonair a iarraidh trí chóras catalógaithe na leabharlann. Fuarthas trealamh leis an mbailiúchán sin a dhigitiú chuig caighdeán cartlainne agus leis na híomhánna sin a chur ar fáil ag caighdeán ísealtaifigh agus le sonraí mar theideal, dáta, suíomh agus ábhar.

3.10.3 Comharthaíocht Léirmhíthe Bithéagsúlachta don Uaimh

D'fhonn cur le feasacht agus tuiscint ar oidhreacht nádúrtha na hUaimhe, choimisiúnaigh Comhairle Chontae na Mí trí chomhartha bithéagsúlachta léirmhíthe maisithe – *Tabhair Aird ar an Nádúr san Uaimh*.

3.10.4 Institiúid Seandálaíochta Mheiriceá (AIA)

In Aibreán 2011 bhí an Black Friary Archaeological Project, comhpháirtíocht idir Scoil Seandálaíochta Allamuigh na hÉireann agus Údarás Áitiúla na Mí, rannpháirteach in ócáid ollmhór a d'eagraigh Institiúid Seandálaíochta Mheiriceá i Nua Eabhrac. Cuireann Scoil Seandálaíochta Allamuigh na hÉireann oiliúint agus taithí i dtoghailt seandálaíochta atá creidiúnaithe ag ollscoileanna ar fáil do mhic léinn ollscoile ó ar fud an domhain, ag raon láithreán i gCo. na Mí. Fuair an tionscadal aitheantas agus maoiniú trí Chlár Caomhnaithe Láithreán an AIA. Cruthaíodh naisc le roinnt ollscoileanna in 2011, agus leis na hoibrítheoirí turais ar spéis leo comhpháirtíochtaí a dhéanamh linn chun turasóirí cultúir a thabhairt go dtí Contae na Mí.

3.10.5 An Tionscadal Fuinneog Ghloine Dhaite Tara

Ba é aidhm an tionscadail seo an gaol atá ag leanaí óga le Cnoc Teamhrach agus leis an tírdhreach timpeall air a fhiosrú agus a thaifeadadh, agus an tuiscint atá acu ar an áit a léiriú i bhfuinneog ghloine dhaite. Fostaíodh Glasshaus Studio trí Oifig Ealaíon agus Oidhreachta Chontae na Mí chun oibriú le daltaí agus múinteoirí Rang 4 i Scoil Náisiúnta Naomh Colmcille, Skryne. Nochtadh an fuinneog ag seoladh sa scoil i Meitheamh agus bhí sí ar taispeáint i gcaitheamh mhí Iúil in Ionad Ealaíon Ghriantaid sular aistríodh go Cill Chainnigh í le cur ar taispeáint mar chuid den tSeachtain Oidhreachta Náisiúnta. D'óstaigh an Chomhairle Oidhreachta na daltaí as Skryne i mí na Samhna.

3.10.6 An tSeachtain Oidhreachta 2011

D'eagraigh Oifig Oidhreachta na Mí roinnt imeachtaí chun Seachtain Oidhreachta 2011 a cheiliúradh, lena n-áirítear:

- (i) *Lá gníomhaíochtaí dúlra do theaghlaigh i bPáirc Dhealgan, an Uaimh*
- (ii) *Caint agus léaráidí ar Thréithe Ailtireachta Dhún Búinne*
- (iii) *Scannán a thaispeáint – The Economics of Happiness*
- (iv) *Caint agus léaráidí ar Shuirbhé Crann, Coillearnaí agus Fálta Sceach na Mí*

3.10.7 Féile Swift Bhaile Átha Troim 2011

Tionóladh an ceathrú Féile Swift Bhaile Átha Troim an 30 Meitheamh go dtí an 3 Iúil 2011. Déanann an fhéile ceiliúradh ar shaol, shaothar agus oidhreacht Jonathon Swift, lena n-áirítear roinnt imeachtaí a bhfuil mar aidhm acu cur leis an eolas agus leis an bhfeasacht ar oidhreacht chultúrtha Bhail Átha Troim. Rory Bremner a bhí ina aoi speisialta ag an bhféile 2011. Tugadh gné iomlán nua isteach san fhéile in 2011, 'Satire Day', arna eagrú ag Paddy Cullivan. Cuireadh aorthóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta i láthair i bpuball na féile.

3.10.8 Podchraoladh ó Mhainistir Bheighthí

Choimisiúnaigh Comhairle Chontae na Mí podchraoladh chun Tochailt Taighde ag Mainistir Bheighthí, faoi stiúir na nDochtúirí Geraldine agus Mathew Stout, a thaifeadadh. Ceithre mhír raidió 20 nóiméad ar fhad a bhí sa tionscadal agus sruthaíodh iad ar láithreán blag Mhainistir Bheighthí <http://bective.wordpress.com/>. Thug siad taifead ar an bpróiseas seandálaíochta, ar an saol laethúil ar thochailt seandálaíochta agus chualathas le turasóirí a thug cuairt ar na láithreán agus a labhair leis na seandálaithe.

3.10.9 Turas Allamuigh Bliantúil Chumann Ríoga Ársaíochta na hÉireann

Chuir Oifig Oidhreachta na Mí fáilte roimh thuras allamuigh bliantúil Chumann Ríoga Ársaíochta na hÉireann chuig Contae na Mí i Iúil.

3.10.10 Gníomh ar son na Bithéagsúlachta

Cuireadh tús in 2010 le tionscadal ollmhór trí bliana, arna mhaoiniú trí INTERREG IVA agus arna chomhordú trí East Border Region Ltd, dar teideal **Gníomh ar son na Bithéagsúlachta**. Is comhpháirtí sa tionscadal seo iad Údarás Áitiúla na Mí agus is é aidhm leis cur chuige comhordaithe ar chaomhnú agus ar chur chun cinn na bithéagsúlachta ar bhonn réigiúnach, trasteorann. Is iad na príomhchuspóirí cur leis an acmhainneacht laistigh d'údarás áitiúla, cur le feasacht agus tuiscint, agus feabhsú agus caomhnú na bithéagsúlachta. Rinneadh dul chun cinn ar roinnt tionscadal in 2011, lena

áiríodh straitéis cumarsáide, staidéar feasachta, clár imeachtaí poiblí agus oiliúint d'fhoireann údarás áitiúil.

3.10.11 Comhoibriú idir Comhairle Chontae na Mí agus an Lárionad um Staidéar ar Thithe agus ar Eastáit Stairiúla na hÉireann (CSHIHE), NUI Má Nuad

Is é aidhm an tionscadail seo *Treoir ar na Foinsí um an Oidhreacht Thógtha agus um an Stair Áitiúil i gContae na Mí* a fhoilsiú. Cuireadh tús leis an gcéad chéim in 2010 agus rinneadh dul chun cinn ar théacs an fhoilseacháin in 2011.

3.10.12 Comhdháil Bhliantúil Institiúid Seandálaithe na hÉireann

Rinne an tOifigeach Oidhreacht cur i láthair ar 'Cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal agus iad a mhealladh chun na seandálaíochta – cur chuige comhpháirtíochta' ag comhdháil bhliantúil Institiúid Seandálaithe na hÉireann i gCorcaigh.

3.10.13 Tréithriú Tírdhreacha Stairiúil (HLC) ar Láithreán Oidhreacht Domhanda Bhrú na Bóinne

Thug Comhairle na Mí, i gcomhpháirtíocht le Scoil na Seandálaíochta UCD, faoi staidéar HLC ar Láithreán Oidhreacht Domhanda Bhrú na Bóinne.

3.10.14 Seandálaíocht Pobail

Thionóil Údarás Áitiúla na Mí, i gcomhpháirtíocht le Scoil Seandálaíochta Allamuigh na hÉireann, lá oscailte don phobal ag Láithreán Seandálaíochta Black Friary i Meán Fómhair.

4 SEIRBHÍISÍ CORPARÁIDEACHA

4.1 Imeachtaí Corparáideacha

4.1.1 Cuairt ó Ambasadóir na Cóiré

Thug Ambasadóir na Cóiré, a Oirirceas Chang Yeob Kim, cuairt ar Chontae na Mí Dé Céadaoin an 7 Meán Fómhair, ar cuireadh a fháil ó Bhainisteoir Chontae na Mí, Tom Dowling. An Comhairleoir Eoin Holmes, Cathaoirleach Chomhairle Chontae na Mí, Bainisteoir an Chontae, Tom Dowling, An Stiúrthóir Seirbhíisí, Kevin Stewart, agus Bainisteoir Ionad Cuairteoirí Bhrú na Bóinne, Clare Tuffy, a chuir fáilte roimh thoscaireacht na Cóiré.

Tugadh an tAmbasadóir ar thuras treoirithe timpeall an leachta ársa, tríd an bpasáiste inmheánach atá 19 méadar ar fhad go dtí an seomra croschruthach agus insíodh dó faoi cheantar Bhrú na Bóinne agus a bhfuil de stair, d'oidhreacht agus de sheandálaíocht ann.

Tugadh sampla de cheardaíocht áitiúil don Ambasadóir agus é ag fágáil na háite.

4.2 Na Meáin

Lean Comhairle Chontae na Mí ar aghaidh a baint leasa as na meáin chlóite, raidió áitiúil agus na meáin shóisialta chun cur le feachtas an phobail maidir le gníomhaíochtaí na Comhairle.

D'eisigh an Chomhairle líon iomlán de **90 preas-eisiúint/ráiteas** in 2011, agus d'fhreagair os cionn **200 fiosrú ó na meáin** trí rannóg cumarsáide Sheirbhíisí Corparáideacha.

4.3 Gradaim

Bhuaigh an Chomhairle an chatagóir Earnáil Phoiblí de chuid Ghradaim an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre "Leading Lights in Road Safety" in 2011. Gay Byrne, Cathaoirleach an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre, a bhronn na gradaim ag searmanas in Farmleigh an 12 Deireadh Fómhair, agus rinne sé comhghairdeas leis an gComhairle as ucht caighdeán a haighneacht agus as a tiomantas leanúnach do Shábháilteacht ar Bhóithre agus do bheathaí a chosaint.

Aithníonn na gradaim bhliantúla 'Leading Lights in Road Safety' sáriarrachtaí daoine ar fud na hÉireann maidir leis na bóithre a dhéanamh níos sábháilte do chách. Tugann an chatagóir earnáil phoiblí aitheantas do chomhlacht poiblí a thug tiomantas do shábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn agus a chuir go mór le sábháilteacht ar bhóithre ina phobal féin.

Ó 2005 ar aghaidh, tá Comhairle Chontae na Mí ag obair i gcomhar le príomhghceallsealbhóirí mar na Gardaí, an HSE, an NRA, an Roinn Iompair agus le Comhairleoirí d'fhonn Pleananna um Shábháilteacht ar Bhóithre a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Chuir an obair seo le laghdú 80% ar líon na mbásanna ar bhóithre an Chontae. Fuair 30 duine bás ar bhóithre na Mí in 2005, agus tháinig laghdú go dtí 6 ar an líon daoine sin in 2010. Tá laghdú mór tagtha ar an líon gortuithe tromchúiseacha freisin le linn na tréimhse sin.

4.4 Deontais Ardoideachais

Cuireadh níos mó ná **1700** iarratas ar Dheontais Ardoideachais ar aghaidh chuig Comhairle Chontae na Mí i ndáil leis an mbliain acadúil 2011/2012.

Tugadh aon Scéim Dheontas Ardoideachais aontaithe amháin isteach le reachtaíocht nua, don bhliain acadúil 2011/2012. An reachtaíocht seo a thugann bunús d'athchóiriú an chórais deontas do mhic léinn mar seo a leanas:

- Gach scéim deontais atá ann cheana féin a chomhdhlúthú
- Aon chomhlacht dámhachtana deontas amháin a bhunú
- Bord Achomharc neamhspleách a bhunú

B'ionann luach deontas iomlán faoi Scéim 2011 agus €3,120. B'ionann na Muirir Ranníocaíochta Mac Léinn a chlúdaítear faoin Scéim agus €2,000. Tugadh isteach catagóir deontais bhreise – 50% den Mhuirir Ranníocaíochta Mac Léinn de €1000. Thart ar **€5.1m** a bhí sa chaiteachas iomlán a bhain le deontais Ardoideachais a rinneadh in 2011. Is féidir gach deontas/táille a íoctar le mic léinn a fháil ar ais ón Roinn Oideachais agus Scileanna, ach amháin ranníocaíocht seasta €14,045.55. Ní féidir costais riaracháin na Comhairle a fháil ar ais.

Seo a leanas na catagóirí deontais atá iníoctha faoin Scéim Deontais:


Cothabháil Iomlán agus Táillí Iomlána

Cothabháil i bPáirt (75%) agus Táillí Iomlána
Cothabháil i bPáirt (50%) agus Táillí Iomlána
Cothabháil i bPáirt (25%) agus Táillí Iomlána
Táillí i bPáirt agus sin amháin

Muirear Ranníocaíochta Mac Léinn (100%)

Muirear Ranníocaíochta Mac Léinn (50%)

Mar seo a leanas na staitisticí ar iarratais a bronnadh le 3 bliana anuas:




4.5 Clár na dTogthóirí

Foilsíodh Clár na dTogthóirí i mí Feabhra 2011 agus léirigh sé daonra vótála mar seo a leanas:

Togthóirí Dála	132,651
Togthóirí Uachtaráin	131,055
Togthóirí na hEorpa	134,314
Togthóirí Áitiúla	136,460
Togthóirí Poist	521

Tugann an chart thíos briseadh síos ar Thogthóirí Áitiúla de réir Toghlímistéar:

Clár na dTogthóirí 2010/2011



Tionóladh dhá Thoghchán le linn 2011:

- Olltoghchán an 25 Feabhra 2011
- Toghchán Uachtaráin agus 2 Reifreann an 27 Deireadh Fómhair 2011

Ullmhaíodh Forlónadh ar Chlár na dTogthóirí roimh gach toghchán. B'ionann líon iomlán na dTogthóirí a cuireadh ar an bhForlónadh agus 4,457.

4.6 Saoráil Faisnéise

Leanann Comhairle Chontae na Mí ar aghaidh ag cinntiú, maidir le haon duine a bhfuil spéis cheart acu faisnéis a fháil, go mbeidh rochtain acu ar an bhfaisnéis sin trí na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise (FoI) 1997 & 2003.

Is iad na taifid a chuirtear ar fáil faoin Acht um Shaoráil Faisnéise na cinn sin nach bhfuil ar fáil go héasca faoi reachtaíocht eile agus bainfidh sin le gach taifead údaráis áitiúil a cruthaíodh tar éis 21 Deireadh Fómhair 1998.

Seo a leanas staitisticí 2011 a bhaineann le hIarratais faoi Shaoráil Faisnéise:

Iarratais a Fuarthas	36
Tugtha ar aghaidh ó 2009	3
Iomlán	39

Líon na n-iarratas ceadaithe/páirtcheadaithe	27
Líon na n-iarratas díultaithe	6
Iarratais a aistríodh	0
Tarraingthe siar nó pléite lasmuigh de FOI	2
Cásanna beo ag deireadh 2011	4
Líon na nAthbhreithnithe Inmheánacha	4
Líon na nAchomharc chuig an gCoimisinéir Faisnéise	4

4.7 Sláinte agus Sábháilteacht

4.7.1 Cúrsaí Sábháilteachta agus Sláinte a bhainistiú

Le linn 2011, Lean Údaráis Áitiúla na Mí lena dtiomantas i leith feabhas leanúnach a chur ar Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair maidir le háit shábháilte le bheith ag obair ann, gléasra agus trealamh sábháilte, córais oibre shábháilte agus fostaithe sábháilte a sholáthar.

4.7.2 Oiliúint

Cuireadh oiliúint Sábháilteachta agus Sláinte ar fáil ar raon ábhar, lena áiríodh: Rothaí scrábacha, Sábh Slabhrach, Dearadh do Bhainistiú Tráchta, Céim Deartha agus Tógála an Mheasúnaithe Riosca, Córas Oibríthe Aonair, Láimhsiú Sábháilte (taobh istigh agus taobh amuigh), Faisnéisiú Díl maidir le Sábháilteacht, Pas Sábháilte, Sábháilteacht ag Oibreacha Bóthair, Comharthaí, Soilsiú & Gardáil agus Cainteanna Bosca Uirlisí ar raon topaicí.

4.7.3 Cruinnithe

Chas an Coiste Bainistithe Sábháilteachta (SMC) agus na Grúpaí Monatóireachta ar Shábháilteacht (SMG) le chéile ar bhonn rialta le linn 2011. Is é feidhm an SMC agus an SMG fóram a chur ar fáil chun saincheisteanna sábháilteachta agus sláinte a aithint agus chun rialuithe a fhorbairt le cailleadh maoinne, tinneas agus díobháil ag an obair a chosc.

4.7.4 Sábháilteacht agus Sláinte ag an Leibhéal Náisiúnta

Lean Údaráis Áitiúla na Mí i mbun caidrimh gníomhaigh ag an leibhéal náisiúnta le rialtas áitiúil chun struchtúir agus córais bhainistithe sábháilteachta a neartú agus chun tionchar a imirt ar chultúr Sábháilteachta agus Sláinte a neadú go leanúnach. Is é Bainisteoir an Chontae atá ina Chathaoirleach ar Chomhchoiste Stiúrtha na Bainistíochta/an Cheardchumainn ar Shábháilteacht agus Sláinte agus is é Grúpa Oifigeach Sábháilteachta na nÚdarás Áitiúil a dhéanann ionadaíocht ar an gComhairle ag leibhéal an Choiste.

4.8 Gnóthachtáil na Sóisear

Thug deichniúr fostaithe faoi oiliúint mar oibríthe deonacha gnó le linn na bliana acadúla 2010/2011, agus mhúin siad cláir Ghnóthachtála na Sóisear d'ós cionn 346 dalta i Scoil Náisiúnta Oilibhéar Pluincéad, Scoil Naomh Eoin, Meánscoil Iósaif agus Coláiste Beaufort. Tugann na hoibríthe deonacha inspioráid agus spreagadh do na daltaí machnamh a dhéanamh ar an ngairm bheatha a fhéadfaidh siad a bheith ag súil léi trí spriocanna a leagan amach dóibh féin agus trí dhíriú ar an todhchaí.

5 FORBAIRT EACNAMAÍOCH AGUS NUÁLAÍOCHT

5.1 Forbairt Eacnamaíochta

Bhí an Chomhairle ina comhpháirtí le hIonad Fiontraíochta na hUaimhe agus d'fhostaigh sí oifigeach Forbartha Eacnamaíochta ar chonradh dhá bhliain i lár 2011. Tá roinnt príomhréimsí ag baint leis an bpost seo, lena n-áirítear:

- (1) Comhairle agus eolas ar sheirbhísí na Comhairle a thabhairt do ghnólachtaí nua agus seanbhunaithe
- (2) Idirchaidreamh agus pointe teagmhála aonair do gach fiosrúchán gnó
- (3) Ábhar margaíochta nua a fhorbairt, lena n-áirítear taighde ar scileanna agus ar theangacha
- (4) Idirchaidreamh le East Border Region maidir le deiseanna maoinithe Interreg
- (5) Taighde agus forbairt ar thionscnaimh nua

Forbraíodh teimpléad do Phlean Gníomhaíochta Eacnamaíochta agus cuireadh faoi bhráid na Comhairle é. Tá sraith gníomhartha á bhrú chun cinn in 2011 agus in 2012 faoi na ceannteidil seo a leanas:

- (1) Tacaíochtaí d'earnáil na nGnóthas Beag agus Meánmhéide
- (2) Tacaíochtaí don earnáil Miondíola
- (3) Tacaíocht d'earnáil na Turasóireachta agus Agraibhia
- (4) Infheistíocht Dhíreach Eachtrach
- (5) An Mhí a Chur Chun Cinn & Oibriú le Daoine Eile
- (6) Tacaíocht airgeadais dhíreach

Rinne buiséad 2011 soláthar do cheapachán comhairleora chun athbhreithniú a dhéanamh ar aighneachtaí ó Bremore Ireland Port Ltd. atá ag moladh go ndéanfaí forbairt ar chaladh uisce domhain nua le freastal ar an gcósta thoir ag Brí Mhór gar do Bhaile Mhic Gormáin. Ceapadh Alice Charles Planning agus SKM Colin Buchanan agus tugadh do chúram dóibh athbhreithniú a dhéanamh ar an gcáipéisíocht a cuireadh isteach agus measúnú a dhéanamh ar na saincheisteanna agus ar na nithe a bhaineann le hiarratas SDZ a dhéanamh ar an DoECLG. Bhí an dréacht-tuarascáil beagnach críochnaithe faoi dheireadh 2011 agus leanfar leis an gcomhchomhairle le páirtithe leasmhara, ranna rialtais san áireamh, in 2012.

Tionóladh an Solheim Cup 2011 ag Caisleán an Chillín i Meán Fómhair 2011 agus ba thasc mór don fhoireann Turasóireachta agus Forbartha Eacnamaíochta é an comórtas spóirt idirnáisiúnta ollmhór sin a reáchtáil. D'éirigh thar barr leis an gcomórtas agus rinneadh go leor leor poiblíochta dearfaí ar an gcontae agus ar réigiún Ghleann na Bóinne dá bharr. Thuairisc Measúnú Tionchair Eacnamaíochta an Solheim Cup 2011 a rinne Repucom International agus Sports Surveys thar ceann Fáilte Ireland go raibh luach eacnamaíochta €23 milliún don Mhí ag an ócáid agus os cionn €37 milliún d'Éirinn.

Cuireadh tús le hobair tosaigh ar athbhreithniú ar an gcaibidil Forbairt Eacnamaíochta den Phlean Forbartha Contae nua, lena n-áirítear athbhreithniú ar an straitéis mhiondíola don chontae. Díreoidh an t-athbhreithniú ar pholasaithe agus cuspóirí a shimpliú d'fhonn níos mó solúbthachta a chur ar fáil chun moltaí forbartha eacnamaíochta inbhuanaithe a bhreithniú. Áireofar air sin athbhreithniú ar an úsáid atá ceadaithe a bhaint as tailte críosaithe agus féachfaidh sé le polasaithe athleasaithe simplithe a thabhairt isteach i ndáil le forbairt eacnamaíoch i gceantair thuaithe. Cuirfear dréachtphlean ar taispeáint phoiblí i lár 2012 agus cuirfear fáilte roimh thuairimí agus aighneachtaí. Tá sé beartaithe an plean nua a ghlacadh i mBealtaine 2013.

Rinneadh dul chun cinn in 2011 ar an obair ullmhúcháin don ordú iarrnóid do Chéim 2 don iarrnód ó Chluain Saileach go dtí an Uaimh. Tá an dréachtscéim beagnach críochnaithe ach cuireadh an tionscadal ar fionraí ag deireadh 2011 de bharr srianta maoinithe an rialtais.

Lean an Chomhairle ar aghaidh leis an gcomhpháirtíocht leis an Meath Chronicle agus chuir Gradaim Turasóireachta agus Gnó na Mí i láthair, i gcomhar leis an nuachtán sin agus le Generali Pan Europe. Tugann na gradaim sin aitheantas agus duais do ghnólachtaí áitiúla ceannaireachta. Ba é sin an dara bliain a tionóladh an ócáid agus tá sí bunaithe anois mar an phríomh-ócáid ghnó sa chontae. Tá sé beartaithe leanúint ar aghaidh leis an gcomhpháirtíocht rathúil seo in 2012.

Is comhalta boird le hIonad Fiontraíochta na hUaimhe, le hIonad Fiontraíochta Cheanannais é an Stiúrthóir Seirbhísí d'Fhorbairt Eacnamaíochta agus is comhairleoir é le bord an East Border Region.

5.2 Turasóireacht

5.2.1 An Solheim Cup 2011

Reáchtáladh an Solheim Cup 2011 ar ghalgfchúrsa Chaisleán an Chillín a dhear Jack Nicklaus an 23 – 25 Meán Fómhair. Reáchtáladh an Solheim Cup Sóisearach ag Óstán agus Cumann Gailf Knightsbrook níos luaithe an tseachtain sin. D'oibrigh Comhairle Chontae na Mí agus Meath Tourism i gcomhar le hócáid den scoth a chruthú. Tarraingíodh aird ar an Mí mar cheann scríbe turasóireachta don mhargadh idirnáisiúnta a thaistil chuig an ócáid seo a bhfuil cáil ar fud an domhain uirthi.

Mar thoradh ar a n-iarrachtaí siúd agus mar gheall ar an gcomhoibriú le Fáilte Ireland ar an ócáid seo, chaith cuairteoirí ar Chontae na Mí i rith an Solheim Cup €23m san áit. Ba mhór an éacht é sin maidir le caiteachas díreach agus bhain buntáiste indíreach leis freisin mar thoradh ar an gclúdach sna meáin chuig 440 milliún áit chónaithe ar fud an domhain.

5.2.2 Féile Oíche Shamhna Spioraid na Mí

Tá Féile Oíche Shamhna Spioraid na Mí bunaithe ar scéal bhunús Oíche Shamhna ag Tlachta, gar do Bhaile Átha Buí. Ba é 2011 an tríú bliain ag an bhféile agus tionóladh breis is 40 ócáid ar fud Chontae na Mí. Clár fairsing gníomhaíochta margaíochta ar líne agus clóite a rinne cur chun cinn ar an bhféile agus chuir go leor daoine lóistín i gContae na Mí in áirithint dá bharr.

5.2.3 Seónna Chur Chun Cinn Margaíochta

Cuireadh Contae na Mí chun cinn ag roinnt seónna chur chun cinn i rith 2011. Díriodh ar mhargadh Thuaisceart Éireann ag an seó Holiday World i mBéal Feirste, ag seó Chumann Gailf Bhéal Feirste agus ag Seó Balmoral. Díriodh ar mhargadh na Spáinne ag SITC Barcelona, ar mhargadh na Ríochta Aontaithe ag an Seó Good Food de chuid an BBC agus ar mhargadh na Beilge ag Aonach Saoire na Bruiséile.

5.2.4 Meath Food Affair

Tionóladh an Meath Food Affair in Óstán an Marriott Chill Dhéagláin chun aird a tharraingt ar an mbia ardchaighdeán atá ar fáil i mbialanna áitiúla na Mí agus chun daoine a spreagadh béile a chaitheamh iontu. Ghlac formhór na n-óstán, na mbialann, na gcaiféanna agus na dtithe tábhairne páirt san ócáid a mheall thart ar 700 duine áitiúil chun triail a bhaint as bialanna áitiúla na Mí.

6 SEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA, DÓITEÁIN, UISCE AGUS COMHSHAOIL

6.1 Tionscadail Chlár Infheistíochta na Seirbhísí Uisce

6.1.1 Scéimeanna Uisce atá ag an gCéim Thógála

Tionscadal Caomhnaithe Uisce ar Fud an Chontae & Plean Uisce Straitéiseach do Chontae na Mí
Tosaíodh an Tionscadal Caomhnaithe Uisce ar Fud an Chontae i Samhain 2005 agus tá trí Céim ann:

- *Céim 1:* córas Bainistithe Uisce a Bhunú a chumasóidh monatóireacht ar úsáid an uisce agus ar an uisce a chailltear trí na líonraí soláthair uisce;
- *Céim 2:* Clár maidir le Rialú Sceite Gníomhaigh a bhunú.

Tá Céimeanna 1 & 2 i bhfeidhm. Tá Comhairle Chontae na Mí fós ag úsáid agus ag cothabháil na gcóras sin, agus iad a thabhairt cothrom le dáta, d'fhonn an leas is fearr a bhaint as i gcónaí.

D'éascaigh bunú agus an úsáid leanúnach a bhaintear as Céimeanna 1 & 2 **laghdú ar Uisce gan Chuntas (UFW) ó 58% (Samhain 2005) go 35% (Deireadh Fómhair 2011).**

- Céim 3: Athshlánú an Phríomhlíonra Uisce

Tá Céim 1 san áireamh i gClár Infheistíochta na Seirbhísí Uisce (WSIP 2010 – 2013) faoi chonarthaí atá le tosú 2010 – 2013. Cuireadh tús le hoibreacha láithreáin in Aibreán 2011. Baineann an tionscadal le hathsholáthar a dhéanamh ar thart ar 14km de príomhlíonra uisce lochtach in 8 áit sa chontae i.e. Baile Átha Buí, Damhliag, Ceanannas, an Uaimh, Cill Mheasáin, Baile an Cheantaigh, Claristown agus Ballynaclose. An 27 Meitheamh 2012 an dáta lena chríochnú go suntasach (12 seachtaine de theagmhas cláir san áireamh).

Cuireadh tuarascáil ar Thionscadal Caomhnaithe Uisce ar Fud Chontae na Mí, Céim 3 - Straitéis Athshlánaithe Príomhlíonra Uisce ar Fud an Chontae ar aghaidh chuig an DoECLG an 11 Bealtaine 2011. Tá 4 chéim sa tuarascáil - Céim 2 go Céim 5.

Tá Céim 2 san áireamh sa Chlár Infheistíochta Seirbhísí Uisce reatha (WSIP 2010 – 2012) faoi Chonarthaí atá le Tosú 2010 – 2013. Táthar ag súil go gcuirfear tús leis an tógáil ar Chéim 2, atá comhdhéanta d'athshlánú ar thart ar 43km de príomhlíonra uisce lochtach ag roinnt áiteanna ar fud an chontae, sa tríú ráithe de 2012.

- *Soláthar Uisce Dhún Seachlainn:* Tá an obair críochnaithe go suntasach. Tá coimisiúnú críochnaitheach an Ionaid Chóireála le bheith críochnaithe sa chéad ráithe de 2012;
- *Soláthar Uisce Lár na Mí & na hUaimhe:* Oibreacha tugtha chun críche ar Chonarthaí 1, 2, 3 & 6;
- *Scéim Feabhsúcháin Uisce na Mí Thoir, Lú Theas & Dhroichead Átha:* Oibreacha méadaithe ag na Rátha tugtha chun críche. Tá oibreacha Chéim 1 ag Coill Droch ar Chonradh 3 agus ar Chonradh 4 tugtha chun críche.

Scéimeanna Uisce ag an gCéim Phleanála:

- *Soláthar Uisce na Mí Thoir, Lú Theas & Dhroichead Átha:* Athbheithniú ar réamhthuarascáil tugtha chun críche agus curtha ar aghaidh chuig an DoECLG lena ceadú i Lúnasa 2009;
- *Soláthar Uisce Lár na Mí & na hUaimhe:* Conarthaí 4, 5 & 7 ag céim phleanála go mór chun cinn. Níor áiríodh iad sin sa WSIP reatha le dul ar aghaidh chuig tógáil. Táthar ag súil go gcuirfear san áireamh sa chéad WSIP eile iad;
- *Scéim Soláthair Uisce Cheanannais/an tSeanchaisleáin:* San áireamh sa WSIP 2010 – 2013; Comhairleoir ceaptha chun Réamhthuarascáil a ullmhú i R4 2011.

Scéimeanna Uisce ag an gCéim Phleanála:

- *Scéim Séarachais Choill Chluana:* Oibreacha tugtha chun críche agus scéim ag feidhmiú go hiomlán;
- *Scéim DBO Grúpáilte (Ráth Chairn, Ráth Maoláin, Chill Maighneann, Chnoc an Línsigh, Mhaigh nEalta, Dhún Uabhair, Bhéal Átha Buí agus Dhamhliag):* Oibreacha tugtha chun críche agus scéim ag feidhmiú go hiomlán.

Scéimeanna Séarachais ag an gCéim Phleanála:

- *Scéim Séarachais an tSeanchaisleáin:* Doiciméid Chonartha críochnaithe. Fógra maidir le Réamhchálíú conraitheoirí i R 3 2011. Obair ar an láithreán le tosú i R3 2012;
- *Scéim Séarachais Cheanannais:* San áireamh sa WSIP 2010 – 2013. Faisnéisiú maidir le Comhairleoirí a cheapadh chun Réamhthuarascáil a ullmhú le tabhairt chun críche i R2 2012;
- *Conradh Athshlánaithe Líonra Scéim Séarachais Chill Dhéagláin/Ráth Tó/Chill Bhríde:* San áireamh sa WSIP 2010 – 2013. Tairiscintí faighte agus measúnú déanta orthu. Conraitheoir le ceapadh i R1, 2012.

6.1.2 An Clár Uisce Tuaithe

Tá caiteachas mór fós á dhéanamh faoin gClár Uisce Tuaithe, ag cuimsiú na n-earnálacha seo a leanas:

- *Grúpscéimeanna Séarachais & Uisce*: 53 scéim tugtha chun críche ar chostas os cionn €5m (1997 – 2012);
- *Scéimeanna Beaga Séarachais & Uisce* (teorainn tairisí €1m): 160 Scéim tugtha chun críche ar chostas beagnach €14m (1997-2012);
- *Grúpscéimeanna a Glacadh ar Lámh*: 31 Scéim tugtha chun críche ar chostas os cionn €1m (1998-2012);
- *Deontais Toibreacha*: Caiteachas níos mó ná €3.5m.

6.1.3 An tAonad Seirbhíse Uisce Óil

D'ainneoin an laghdaithe atá tagtha ar acmhainní daonna sa réimse seo, agus na n-éileamh a bhíonn ag méadú i gcónaí ó thaobh riachtanas reachtúil nua agus an méid a mbíonn custaiméirí ag súil leis, tá Comhairle Chontae na Mí fós ag soláthar uisce óil ar ardchaighdeán agus ag cinntiú go gcomhlíontar na riachtanais reachtúla maidir le huisce óil sábháilte a chur ar fáil.

6.1.4 Oibriú & Cothabháil (O&M)

Tá ardleibhéal seirbhíse fós á cur ar fáil ag an gComhairle do chustaiméirí baile agus do chustaiméirí eile trí sholáthar uisce óil agus trí chóireáil ar fhuíolluisce bailithe. Rinneadh coigilteas suntasach arís in 2011 maidir le gníomhaíochtaí oibríochta ó lá go lá. Ní dhearna sin aon difear do chaighdeán nó do leibhéal na seirbhíse a chuirtear ar fáil. Earcaíodh triúr Feisteoirí nua agus Saoiste cothabhála nua in 2011 le teacht in áit na mball foirne a bhí imithe ar scor, chun ardleibhéal iontaofachta seirbhíse a choimeád.

6.1.5 Ceadúnais Urscaoilte Fuíolluisce (WWDL)

Amhail dheireadh na bliana 2011, bhí 11 ceann as na 20 Ceadúnais Urscaoilte Fuíolluisce de chuid na Comhairle deonaithe, chomh maith le gach ceann de na 20 Teastas Údaraithe Fuíolluisce. Cuirfear le hoibleagáidí reachtúla na Comhairle de réir mar a leanfar ar aghaidh ag eisiúint na gceadúnais agus na dteastas sin, agus cuirfear le costais dá bharr, rud a thabharfaidh dúshlán faoi leith.

6.1.6 Bainistiú Fuinnimh

Fuarthas deontas €25,000 ón DoECLG in 2011 faoin gClár Uisce Tuaithe – Tionscnaimh Fuinnimh, chun na caidéil amhuisce ag Fearas Cóireála Uisce Lios Cartáin a uasghrádú agus a athsoláthar. Coigilteas €16,000 ar chostas bliantúil leictreachais a bheidh mar thoradh ar na hoibreacha sin.

6.2 Plean Bainistithe Dramhaíola an Réigiúin Thoir Thuaidh

Coiste Stiúrtha Bhainistiú Dramhaíola an Réigiúin Thoir Thuaidh (Contaetha na Mí, Lú, Muineacháin agus an Chabháin) atá ag tabhairt aghaidh ar riachtanais an Phlean Bainistithe Dramhaíola an Réigiúin Thoir Thuaidh 2005 – 2010. Chuaigh an Coiste i mbun próisis athchóirithe ar an bPlean Bainistithe Dramhaíola réigiúnach i Meán Fómhair 2010. Tá an próiseas sin á rialú anois ag mír 8(2)d de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Treoir maidir le Dramhaíl) 2011 a deir go ndéanfar meastóireacht faoin 31 Nollaig 2012 ar na Pleananna Bainistithe Dramhaíola agus ar an bPlean Bainistithe Dramhaíola Guaisí a bhí ann nuair a tháinig feidhm leis na Rialacháin 2011 agus, ag teacht ón meastóireacht sin, go ndéanfaí athchóiriú de réir mar is cuí orthu le go mbeadh siad ag teacht le riachtanais na Treorach maidir le Dramhaíl.

6.2.1 Aighneachtaí Beartais

Rinne an Rannóg Comhshaoil roinnt aighneachtaí beartais chuig an DoECLG agus chuig an EPA in 2011, iad seo a leanas ina measc: (1) Athrú a dhéanamh ar Leagan Amach an Bhailiúcháin Dramhaíola Tí, (2) Athbhreithniú ar an mBeartas Náisiúnta Dramhaíola, (3) Tionscail Dramhaíola Eastóscaí agus (4) an Tobhach Pacáistithe.

6.2.2 Tionchar Iarláthair Líonadh Talún

Tá easnamh caipitil neamh-mhainithe ag an gComhairle i gcónaí i ndáil le feabhsúchán a dhéanamh ar an iar-líonadh talún ag **Basketstown**. Beidh tuilleadh caiteachais chaipitil de dhíth ar an láthair sin i ndáil leis an gcóras bailithe agus bladhmtha gáis, agus i réimsí eile chomh maith. Tá costais

mhonatóireachta ioncaim bhliantúil á dtabhú i gcónaí maidir leis an gceadúnas ón EPA don iar-líonadh talún a chomhlíonadh.

6.2.3 Pleananna Bainistithe Ceantair Abhantraí

Ghlac an Chomhairle leis an **bPlean Bainistithe Abhantraí an Oirthir (ERBD)** i nDeireadh Fómhair 2009. Glacadh le Pleananna Idirnáisiúnta na Sionainne agus Abhantraí Eathach Banna in Aibreán 2010. Beidh acmhainní suntasacha de dhíth le go mbeidh an Chomhairle ábalta na spriocanna atá leagtha amach a chomhlíonadh. Beidh na tionchair dearfacha ar chomhlachtaí uisce i bhformhór Chontae na Mí de bharr chur i bhfeidhm na bpleananna chun leasa an chontae, áfach.

Táthar fós ag obair ar **Cheada Bailithe Dramhaíola** (don Réigiún Thoir Thuaidh) agus ar **Cheada Saoráidí Dramhaíola** (Co. na Mí) a phróiseáil, a eisiúint agus a fhorfheidhmiú.

6.2.4 Athrú Aeráide

Ag teacht leis an **Straitéis Chorporáideach um Athrú Aeráide 2011 – 2012**, reáchtáil an Rannóg Comhshaoil oiliúint **'Léarscáil Fuinnimh'** do bhaill éagsúla sa Chomhairle i gcomhar leis an SEAI. Leagadh amach sa Straitéis Chorporáideach um Athrú Aeráide, i gcomhar leis an oiliúint Léarscáil Fuinnimh, an mhodheolaíocht agus na céimeanna a éilíonn an Chomhairle d'fhonn laghdú 3% in aghaidh na bliana a chur ar astuithe carbóin corporáideacha.

6.3 Gearáin agus Forfheidhmiú maidir le Dramhaíl:

Ceada Bainistithe agus Teastais Chláráithe maidir le Dramhaíl agus Teastais Chláráithe Saoráidí Sloda Séarachais a Eisiúint in 2011

Mar seo a leanas na staitisticí do Cheada Bainistithe agus do Theastais Chláráithe maidir le Dramhaíl agus do Theastais Chláráithe Saoráidí Sloda Séarachais 2011:

Ceada Bainistithe Dramhaíola		Teastais Chláráithe		Saoráid Sloda Séarachais – Teastas Cláráithe	
Iarratais a Fuarthas	12	Iarratais a Fuarthas	3	Iarratais a Fuarthas	0
Deonaithe	6	Deonaithe	0	Deonaithe	0
Diúltaithe	0	Diúltaithe	0	Diúltaithe	0
Tarraingthe Siar	0	Tarraingthe Siar	0	Tarraingthe Siar	0
Tugtha chun Críche	5	Tugtha chun Críche	0	Tugtha chun Críche	0
Nach bhfuil Tugtha chun Críche	1	Nach bhfuil Tugtha chun Críche	3	Nach bhfuil Tugtha chun Críche	0
Á mbreithniú	2	Á mbreithniú	0	Á mbreithniú	0

Tá 32 Chead Bainistithe Dramhaíola i bhfeidhm i Co. na Mí faoi láthair.

Ceada Bailithe Dramhaíola a eisiúint in 2011

Is é Comhairle Chontae na Mí an t-údarás ainmnithe don Réigiún Thoir Thuaidh (Contaetha na Mí, Lú, an Chabháin & Muineacháin). Ar ceann dá feidhmeanna mar údarás ainmnithe tá ceada bailithe dramhaíola a phróiseáil. Tá 371 chead bailithe gníomhach sa Réigiún Thoir Thuaidh faoi láthair.

Mar seo a leanas na staitisticí a bhí i bhfeidhm in 2011 maidir le **Ceada Bailithe Dramhaíola**:

Iarratais a Fuarthas	33
Tarraingthe Siar	0
Diúltaithe	0
Cúlghairthe	50
Líon Iomlán Deonaithe	28
Á mbreithniú	12
Athbhreithnithe i rith na bliana	17

6.4 Truailliú ó Bhruscar

Lean an Chomhairle ar aghaidh lena dian-fheachtas maidir le dul i ngleic le dumpáil neamhdhleathach in 2011. Seo a leanas briseadh síos ar bhearta forfheidhmithe ar glacadh leo le linn 2011:

Líon na dtuairiscí a fiosaíodh	654
Fíneálacha ar an láthair a eisíodh	391
Fíneálacha ar an láthair a íocadh	278

Tá an Chomhairle fós ag féachaint ar na roghanna go léir chun daoine a dhéanann cionta ó thaobh bruscar a chaitheamh nó dumpáil go neamhdhleathach a ghabháil agus i measc na roghanna sin tá córais C.C.T.V. a úsáid. Leanadh le monatóireacht a dhéanamh ar dhumpáil neamhdhleathach a dhéanamh ag Bainc Buidéil le linn 2011 agus tá roinnt áiteanna ina gcaitear bruscar aitheanta le díriú go speisialta orthu sa bhliain amach romhainn. Tá an Chomhairle faoi chomhairle ag an bpobal as a gcúnamh maidir le heachtraí dumpála neamhdhleathaí a chur in iúl. In 2011 d'fhostaigh an Chomhairle oibreoir bailithe dramhaíola chun cabhrú le dramhaíl a bhíonn á dumpáil go neamhdhleathach a bhailiú, go háirithe ó thaobh an bhóthair. Tá ag éirí an-mhaith leis an mbeart seo i dtréimhse ina bhfuil an srian ar acmhainní foirne ag méadú i gcónaí. Tá sé beartaithe leanúint ar aghaidh leis an mbeart seo agus é a fhairsingiú in 2012.

6.5 Láithreacha Fóntais Chathartha na Mí – Baile Átha Troim, an Uaimh agus Ceanannas

Tá na trí Ionad Athchúrsála de chuid na Comhairle (láithreacha fóntais chathartha), le tacaíocht ó an líonra ionad tabhartha ar fud na tíre, ag cur go dearfach leis an leibhéal athchúrsála. Bronnadh conradh trí bliana ar Oxigen Environmental Ltd. in 2011 chun na trí Ionad Athchúrsála ag Ceanannas, an Uaimh agus Baile Átha Troim a oibriú agus a bhainistiú.

Leanadh ar aghaidh in 2011 ag lorg suíomh oiriúnach in oirdheisceart an chontae do láthair fóntais chathartha bhreise.

6.6 Uisce

6.6.1 Creat-Treoir Uisce an AE

Deir an tuarascáil eatramhach is déanaí ó WFD nach bhfuil ach 17% de chomhlachtaí uisce laistigh de limistéar feidhme na Mí ag comhlíonadh caighdeáin WFD a chaitheamh a bheith bainte amach faoi 2015. Maidir leis sin, tá 3 Phlean Bainistithe Abhantraí a bhaineann le ceantar feidhme na Mí, eadhon Plean Bainistithe Abhantraí an Oirthir, na Sionainne agus Abhantraí Eathach Banna ann.

Aithníonn na Pleananna na saincheistanna bainistithe uisce suntasacha atá laistigh de gach dobharcheantar ar leith agus leagann siad amach réitigh atá molta ar na saincheistanna sin i bhfoirm bhearta molta. Is é cuspóir an phlean gach uisce, eadhon abhainn, loch, screamhuisce, uisce idirchriosacha agus cósta a thabhairt go dtí "stádas maith", i.e. gan truailliú, faoi 2015.

6.6.2 Monatóireacht Aibhneacha

D'fhoilsigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) Nuashonrú ar Stádas Chreat Uisce in 2011, bunaithe ar thorthaí monatóireachta don tréimhse 2007-2009. Tugann an Nuashonrú ar Stádas Chreat Uisce mionsonraí faoi chaighdeán na n-uiscí go léir i ngach Abhantrach.

Maidir le huiscí dromchla, tá Co. na Mí roinnte ina 144 comhlacht uisce abhann, dhá chomhlacht uisce locha, comhlacht uisce idirchriosach amháin agus comhlacht uisce cósta amháin. Maidir le stádas screamhuisce, roinneadh Co. na Mí ina 46 chomhlacht screamhuisce.

As an líon iomlán de 144 comhlacht uisce abhann, deir Tuarascáil 2011 an EPA go bhfuil stádas maith ag 28 de na comhlachtaí uisce sin, stádas réasúnta ag 71 díobh agus droch-stádas ag 33 díobh.

Tá feabhsuithe móra de dhíth má tá cuspóirí na Treorach le baint amach laistigh de na spriocanna ama atá leagtha síos. Tá sé chomh tábhachtach céanna go ndéanfar caighdeán uisce maith a chosaint.

Maidir le monatóireacht a dhéanamh ar aibhneacha, tá 86 suíomh monatóireachta aibhneacha (WFD) ann agus bailíodh agus tástáladh 570 sampla ó aibhneacha le linn gnáthmonatóireachta in 2011.

Rinneadh monatóireacht fiosrúcháin i ndobharcheantair ina bhfuil droch-chaighdeán uisce a chaitear a fheabhsú. Rinneadh fiosrúcháin ar chaighdeán an uisce i roinnt beag comhlachtaí uisce a bhfuil stádas maith acu freisin le súil agus an stádas maith sin a chosaint agus a choimeád.

Léiríodh na torthaí go léir i roinnt tuarascálacha atá á leanúint ag pearsanra forfheidhmithe uisce.

6.6.3 Uisce Snámha

Déanann an Chomhairle sampláil ar dhá limistéar uisce snámha ar chósta na Mí, eadhon Baile an Bhiataigh agus Baile Uí Mhornáin.

Is ceantar uisce snámha ainmnithe é Baile an Bhiataigh, ag teacht leis na rialacháin snámha.

Déantar sampláil ar uisce snámha na hInse/Bhaile an Bhiataigh ar bhonn seachtainiúil i rith an tséasúir snámha (Bealtaine go Meán Fómhair) mar a éilíonn na rialacháin um uisce snámha.

Fuarthas go raibh ardchaighdeán uisce snámha ann in 2011.

Tá cósta na Mí mar chuid de limistéar Uiscí Sliogéisc Ainmnithe chomh maith, eadhon limistéar sliogéisc Bhaile Brigín/na Sceirí. Éilíonn Alt 5 de Threoir na nUiscí Sliogéisc (2006/113/EC) agus alt 6 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cáilíocht Uiscí Iasc Sliogáin) (S.I. Uimh. 268 de 2006) go bhforbrófaí Pleananna Laghdaithe Truailithe (PRP) do limistéir sliogéisc ainmnithe d'fhonn tacú le beatha agus fás sliogéisc agus d'fhonn cur le hardchaighdeán na dtáirgí sliogéisc inite.

Ghlac Comhairle Chontae na Mí le dhá phlean laghdaithe truailithe in 2011, chun caighdeán ár n-uiscí sliogéisc a chosaint, go háirithe agus súil leis an mbaol a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le héilliú miocróbach ó chórais cóireála fuíolluisce agus ó fhoinsí talmhaíochta ar chaighdeán na n-uiscí sliogéisc, a chinneadh.

Tá Trá Bhaile Uí Mhornáin, a bhfuil Dámhachtain Chósta Glas aici, suite ar chósta na Mí. Is siombail de chomhshaoil den scoth í an Dámhachtain Chósta Glas agus bunaíodh í chun comhshaoil na dtránna tuaithe in Éirinn, i dTuaisceart Éireann agus sa Bhreatain Bheag a aithint, a chur chun cinn agus a chosaint. Bronntar an dámhachtain ar thránna a chomhlíonann caighdeáin uisce snámha an AE, agus a bhfuil cáil orthu as comhshaoil nádúrtha gan mhilleadh chomh maith.

6.6.4 Fuíolluisce Uirbeach

Rinne an Chomhairle 298 iniúchadh ar Ionaid Chóireála Fuíolluisce Cathrach (MWWTP) in 2011.

Déantar gach MWWTP a shampláil de réir rialachán fuíolluisce uirbeach agus cuirtear na torthaí ar aghaidh chuig an DoEHLG i bhfoirm tuairisceáin bhliantúil.

Ceadúnais Scaoilte Eisilteacha Trádála 2011:

Bhí 60 ceadúnas scaoilte i gcomhair scaoileadh chuig uiscí agus 20 ceadúnas scaoilte i gcomhair scaoileadh chuig séaraigh ann.

Cineál ceadúnais	Líon iomlán i bhfeidhm ag tús na bliana	Eisithe nó athbhreithnithe i rith 2011	Cúlghairthe nó imithe in éag i rith 2011
Ceadúnas scaoilte chuig uiscí (Alt 4)	58	3	1
Ceadúnas scaoilte chuig séaraigh (Alt 16)	19	1	0

6.6.5 Suirbhéanna Feirme

Rinne an Chomhairle 49 suirbhé feirme, 268 iniúchadh feirme agus 253 ath-iniúchadh feirme in 2011. De réir Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cleachtas Maith Talmhaíochta maidir le hUiscí a Chosaint) a rinneadh na suirbhéanna. Déantar measúnú riosca ar gach feirm a ndéantar suirbhé uirthi agus déantar dian-mhonatóireacht ar fheirmeacha lena mbaineann meánriosca nó ard-riosca agus d'fhéadfaí ath-iniúchadh a dhéanamh orthu.

Déantar gach suirbhé feirme a thaifeadadh ar fhoirm tuairisce suirbhé feirme agus déantar iad a mhapáil i gcomhair ath-iniúchtaí.

Tugtar tuairisc don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara faoi fheirmeacha neamhchomhlíonta.

6.6.6 Forfheidmiú

In 2011 sheirbheáil an Chomhairle 38 fógra truailliú uisce faoi 'Alt 12'. Bhain 29 de na fógraí truailithe sin le truailliú ó thalmhaíocht, bhain sé chinn le heisilteach trádála agus bhain trí chinn le humair mhúnlaigh.

6.7 Rialú Madraí

De réir an Achta um Rialú Madraí, 1986 agus 1992, ní mór do gach madra agus do gach conchró madra a bheith faoi cheadúnas, ach amháin iad sin a úsáideann an Garda Síochána, Óglaigh na hÉireann agus an tSeirbhís Custaim agus Máil, ar dhualgas oifigiúil. Ní mór ceadúnas a bheith ag gach úinéir dá m(h)adra. Ní mór gach madra a choimeád faoi rialú ceart agus moltar d'úinéirí madraí glanadh suas i ndiaidh a gcuid madraí.

Tá Póna Madraí Chomhairle Chontae na Mí lonnaithe ag Ráth na Maighdean, Baile Shláine, Co. na Mí agus chuir Comhairle Chontae na Mí fógra nua amach in 2011 don chonradh chun an tseirbhís a chur ar fáil.

Ghabh Maor Madraí na Comhairle 646 madra a bhí ar strae agus gan úinéir in 2011. Tugadh 99 madra ar ais dá n-úinéirí agus d'aimsigh an póna baile nua do 397 madra.

D'éirigh chomh maith sin leis an bpóna mar gheall ar a láithreán gréasáin, a dhéantar nuashonrú air gach lá le mionsonraí faoi mhadraí a thugtar chuig an póna le bailte nua a aimsiú dóibh nó lena gcuid úinéirí a aimsiú.

- Líon na gceadúnas a eisíodh: 6107 (méadú 2426 ó 2010)
- Líon na gceadúnas ginearálta: 13 (10 madra nó níos mó)
- Líon na bhfíneálacha a eisíodh: 193 (méadú 181 ó 2010)

6.8 Láithreáin Thréigthe

Lean an Chomhairle ar aghaidh ag tabhairt aghaidhe ar shaincheisteanna tréigthe de réir an Achta um Láithreáin Thréigthe 1990.

6.9 Deontais Taitneamhachta

D'éisigh an Chomhairle 204 Deontas Taitneamhachta in 2011 chuig cumainn áititheoirí agus grúpaí pobail d'fhonn feabhas a chur ar a dtimpeallacht áitiúil le béim faoi leith ar bhruscar a mhaolú. Seo a leanas samplaí de na hoibreacha ar tugadh fúthu: ceantair ghlasa a chur ar fáil agus a chothabháil; ceantair thréigthe a fheabhsú; ceapacha bláthanna, scea, crainn etc. a chur ar fáil; ceantair ghlasa, ballaí, fála ar bhóithre isteach a fheabhsú; ceantair staire agus bealaí siúil phoiblí/bruacha canála a fheabhsú.

6.10 Deontais Lomaire Faiche/Ciumhaisire

Tugann an Chomhairle ranníocaíocht do chumainn áititheoirí agus do ghrúpaí pobail chun lomaire faiche nó ciumhaisire nua a cheannach le húsáid chun spásanna oscailte agus ceantair ghlasa ina gcomharsanacht a chothabháil. Eisítear deontais ar chruthúnas a gceannach a fháil. Eisíodh 46 deontas lomaire faiche/ciumhaisire in 2011.

6.11 Monatóireacht agus Forfheidhmiú Ginearálta

Leanadh le monatóireacht agus le forfheidhmiú leanúnach ginearálta i ndáil leis na tacair rialachán seo a leanas i rith 2011: Rialacháin Bainistithe Dramhaíola (Boinn agus Dramh-Bhoinn) 2007; Rialacháin WEEE 2005; Rialacháin Bainistithe Dramhaíola (Plastaigh Feirme) 2001; Rialacháin Bainistithe Dramhaíola (Pacáistiú) 2007; Rialacháin um Dramh-Cheallraí agus Teastais Taispeántas Fuinnimh.

6.12 Aer

6.12.1 Aer-Cheadúnú

Tá 14 sealbhóirí ceadúnais astaíochtaí aer i gCo. na Mí faoi láthair. Dheonaigh an Chomhairle 1 ceadúnas aer nua in 2011.

6.12.2 Gearáin

Fuair an Chomhairle 90 gearán a bhain le haer in 2011. Fiosraíodh 44 díobh sin agus réitíodh 36 díobh. Bhain formhór na gearán a fuarthas le dó dramhaíola baile ar cúl an tí.

6.13 Torann

Fuair an Chomhairle 33 gearán maidir le torann in 2011. Tá an líon gearán maidir le torann ag méadú go mór gach bliain. Faoi Alt 108 den Acht fán Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 1992, féadfaidh duine ar bith cás a thabhairt chuig an gCúirt Dhúiche faoi níus de dheasca truailliú torainn. Leagadh an t-alt sin amach go sonrach le ceadú do dhuine nó teaghlach ar bith rochtain tapa a fháil ar an gCúirt Dhúiche sa chás go mbeadh deacrachtaí acu le comharsana maidir le torann agus cur as dóibh.

6.14 Reiligi

Rinne an Chomhairle dul chun cinn in 2011 ar reilig a chur ar fáil do Dhún Seachlainn. Tá tuilleadh reiligi ar fud an chontae a mbeidh ar an gComhairle, ina feidhm mar Údarás Sláintíochta, aird a dhíriú orthu, mar tá roinnt díobh beagnach lán. Chuir an Chomhairle tús in 2011 le fardal iomlán a dhéanamh de gach reilig sa chontae, lena n-áirítear a stádas. Tá sé beagnach réidh agus beidh sé mar fhaisnéis ag cinntí straitéiseacha a thógfar amach anseo maidir le acmhainn reilige a chur ar fáil.

6.15 Cosaint Shibhialta

Oibríonn Cosaint Shibhialta Chomhairle Chontae na Mí ocht n-aonad oiliúna ionad-bhunaithe ar fud an chontae. Tá níos mó ná dhá chéad fiche comhalta deonach ag plé le hoiliúint faoi láthair agus ag cur seirbhís phobail ar fáil ag na hionaid sin, atá lonnaithe i gCill Dhéagláin, i nDamhliag, i nDún Búinne, i nDún Seachlainn, i gCeanannas, san Uaimh (2), sa Seanchaisleán agus i mBaile Átha Troim. Is eagraíocht í Cosaint Shibhialta atá creidiúnaithe ag an gComhairle Cúram Éigeandála Réamh-Ospidéal (PHECC), an Gníomhaire Measúnaithe Garchabhrach Ceirde (OFAAA) a dhéanann maoirsiú ar na caighdeáin infheidhme le hoiliúint Gharchabhrach agus le cúram réamh-ospidéal do dhaoine gortaithe agus le FETAC as a gclár oiliúna. Tá an eagraíocht creidiúnaithe freisin ag Coláiste Seirbhísí Dóiteáin na Ríochta Aontaithe agus ag Ollscoil Coventry dá gclár oiliúna Tarrtháil Téada agus ag an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre dá hoiliúint tiománaithe.

Bliain ghnóthach d'oibríthe deonacha Chosaint Shibhialta Chontae na Mí a bhí in 2011. Thug deichniúr oibríthe deonacha cúrsa do Theicneoirí Míochaine Éigeandála (EMT) chun críche go rathúil i rith na bliana agus thug dhá oibrí deonach is daichead cúrsa do Chéad Fhreagróirí Éigeandála (EFR) chun críche go rathúil. Cháiligh oibríthe deonacha i roinnt cúrsaí eile lena n-áiríodh Garchabhair ag an Obair, Chéad Freagróir Chairdiach agus oibreoir Tarrthála Téada. Cháiligh beirt oibríthe deonacha ina dTeagascóirí tiomána ADI chun scileanna tiomána a mheasúnú agus chun oiliúint i dtiomáint a chur ar fáil d'oibríthe deonacha na Cosanta Sibhialta.

Bhí oibríthe deonacha rannpháirteach go gníomhach i mbreis agus céad ócáid i rith 2011, - an bhliain ba ghnóthaí riamh don Chosaint Shibhialta. Ghlac foireann de sheisear oibríthe deonacha páirt in "GrimpDay", comórtas tarrthála téada idirnáisiúnta sa Bheilg i Meitheamh. Ba é sin an chéad uair ar ghlac foireann as Éirinn páirt sa chomórtas sin, a bhí comhdhéanta go príomha d'fhoirne lán-aimseartha míleata agus seirbhíse dóiteáin ó ar fud na hEorpa. Tháinig an fhoireann sa séú háit déag as foireann is daichead, ceann de na torthaí is fearr d'fhoireann a bhí ag glacadh páirte don chéad uair. I mí na Samhna ghlac foireann de dháréag oibríthe deonacha páirt i gcomórtas Réigiúnacha ildisciplíneacha i mBaile Átha Cliath agus tháinig sí sa chéad áit. Bhuaigh an fhoireann trealamh luachmhar mar dhuais, le húsáid ag an eagraíocht sa chontae.

Chuir Cosaint Shibhialta Chomhairle Chontae na Mí ball foirne nua leis an bhfoireann bainistithe cuardaigh i láthair ag seimineár ionductaithe do bhreis agus seasca oibríthe deonacha nua le Cosaint Shibhialta na Mí i nDeireadh Fómhair 2011, ba é sin PHOENIX, madra cuardaigh den phór aimseadóir buí. Kealan McMoreland, ceannaire aonaid cúnta ag aonad Bhaile Átha Troim, a chuir oiliúint ar Phoenix agus beidh an madra cuardaigh ina bhuntáiste mór do ghníomhaíochtaí oibríochta na Cosanta Sibhialta.

6.16 An tSeirbhís Tarrthála agus Dóiteáin

Mar Údarás Dóiteáin, tá Comhairle Chontae na Mí freagrach as seirbhís éigeandála agus dóiteáin a chur ar fáil do Chontae na Mí, lena n-áirítear na trí chomhairle baile – an Uaimh, Baile Átha Troim & Ceanannas. Oibríonn Seirbhís Dóiteáin Chomhairle Chontae na Mí go príomha faoi fhorálacha an Achta Seirbhísí Dóiteáin 1981 & 2003, chomh maith le reachtaíocht eile mar an tAcht um Rialú Foirgníochta 2007, na Rialacháin Rialaithe Foirgníochta 1997 - 2009, na Rialacháin um Shubstaintí Contúirteacha 1979, Na Rialacháin Deis Éalaithe 1985, agus An tAcht um Cheadúnú Imeachtaí Faoi Dhíon.

Mar thoradh ar na freagrachtaí breise a cuireadh ar an tSeirbhís Dóiteáin le 10-15 bliain anuas, choimisiúnaigh Comhairle Chontae na Mí staidéar ar an tSeirbhís Dóiteáin dar teideal 'Plean Straitéiseach a Fhorbairt' do Sheirbhís Dóiteáin Chomhairle Chontae na Mí. Plean cuimsitheach é seo atá comhdhéanta de 39 moladh ag a bhfuil gníomhartha gaolmhara agus cuireadh na moltaí sin i bhfeidhm go leanúnach in 2011. Áirítear ar na moltaí gníomhartha i ndáil le leibhéal foirne/earcaíochta, rialú foirgníochta, sláinte & sábháilteacht, pleanáil mhór éigeandála agus oibreacha caipitiúla stáisiún dóiteáin.

D'eisigh an Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bainistiú Dóiteáin & Éigeandála clár nua de Threoirínte Oibríochta Caighdeánacha (SOG) in 2010. Tá na SOGanna á gcur i bhfeidhm ar fud Seirbhís Dóiteáin Chomhairle Chontae na Mí faoi láthair. Cuirfear i bhfeidhm go hiomlán iad i gcaitheamh an chreata ama trí nó ceithre bliana.

6.16.1 Oibríochtaí Dóiteáin

Tá Ceanncheathrú Sheirbhís Dóiteáin Chontae na Mí lonnaithe ag an stáisiún dóiteáin lárnach ar Bhóthar na Mainistreach, san Uaimh. Tá sé stáisiún eile lonnaithe ar fud an chontae:

- Cill Dhéagláin
- Dún Seachlainn
- Ceanannas
- An Obair
- An Seanchaisleán
- Baile Átha Troim.

Cuireann Seirbhís Dóiteáin Chomhairle Chontae na Mí freagra chéad líne ar fáil ar gach cineál éigeandála ar fud Chontae na Mí, na nithe seo a leanas ina measc –

- Dóiteáin in áitribh chónaithe
- Dóiteáin simléir
- Dóiteáin in áitribh thráchtála/thionsclaíoch agus ina gcruinníonn daoine le chéile
- Dóiteáin fhoraoise/phortaigh/fhéaraigh
- Timpistí Tráchtá Bóthair (RTC)
- Dóiteáin charr/fheithicle
- Tuilte & eachtraí pumpála uisce
- Tarrthálacha aibhneacha
- Eachtraí le ceimiceáin ghuaiseacha
- Éigeandálacha Guaise Comhshaoil
- Alaraim dhóiteáin ag bualadh
- Eachtraí Seirbhíse Speisialta

Tugtar faoi oiliúint leanúnach do lucht Múchta Dóiteáin agus d'Oifigigh Dhóiteáin ar feadh na bliana, lena n-áirítear clár druile/traenála seachtainiúil i ngach Stáisiún Dóiteáin. Áiríodh ar chúrsaí breise a cuireadh i gcrích in 2011:

- Oiliúint Athnuachana Gaireas Análaithe;
- Oiliúint d'Iompar i nDóiteán Urrainne (CFBT)
- Oiliúint athnuachana i CFBT
- Oiliúint ón Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bainistiú Dóiteáin & Éigeandála
 - Cúrsa ar Thimpistí Tráchtá Bóthair
 - Cúrsa ar Ábhair Ghuaiseacha
 - An Cúrsa Fo-Oifigigh Aonad 1
 - Cúrsa Innealtóireachta Sábháilteachta Dóiteáin
 - An Cúrsa Teagascóir 1
 -

6.16.2 Dóiteán a Chosc

Tá ról lárnach ag an tSeirbhís Dóiteáin maidir le caighdeán shábháilteachta dóiteáin i ndearadh foirgneamh nua agus iad sin atá ann cheana féin agus maidir leis na gnéithe sábháilteachta dóiteáin a bhaineann leis an úsáid laethúil a bhaintear as foirgnimh a bhfuil teacht ag an bpobal orthu. Áirítear ar bhearta chun dóiteáin a chosc:

- Deimhnithe Sábháilteachta ó Dhóiteáin a dheonú nó a dhiúltú.
Tá ceanglas ar gach forbairt seachas tithíocht phríobháideach iarratas a dhéanamh ar dheimhniú sábháilteachta ó dhóiteáin ón Údarás Dóiteáin, i.e. Comhairle Chontae na Mí. Ní mór Fógra Tosach Feidhme a chur ar aghaidh chuig Roinn Pleanála ansin sula gcuirtear tús leis an bhforbairt. Coimeádann an t-údarás áitiúil clár Fógraí Tosach Feidhme agus Deimhnithe Sábháilteachta ó Dhóiteáin.
- Déanann Oifigigh Dóiteáin iarratais phleanála a mheasúnú do riachtanais sábháilteachta dóiteáin agus cuirtear ar aghaidh ansin iad chuig Roinn Pleanála na Comhairle.

- Cuirtear clár iniúchtaí sábháilteachta dóiteáin i gcrích ar áitribh cheadúnaithe chomh maith le d'ócáidí móra mar cheolchoirmeacha agus féilte amuigh faoin spéir.
- Déantar iniúchtaí sábháilteachta dóiteáin ar fhoirgnimh a dtuairiscítear sárúithe ar shábháilteacht dóiteáin iontu.
- Déantar iniúchtaí maidir le ceadúnais Damhsa/Bialanna/Clubanna a athnuachan – go háirithe i Lúnasa/Meán Fómhair/Deireadh Fómhair/Samhain.
- Déantar iniúchtaí ar Iarratais ar Cheadúnais Pheitriam faoin Acht um Shubstaintí Contúirteacha, 1979.
- Tionscadail Sábháilteachta Dóiteáin sa Phobal, lena n-áirítear:
 - Cainteanna/cuairteanna ar ghrúpaí pobail
 - Clár na Seachtaine Sábháilteachta Dóiteáin Náisiúnta
 - Clár sábháilteachta sheachtain na Nollag, a reáchtálann Comhairle Chontae na Mí gach bliain
 - Cuairteanna chuig na bunscoileanna go léir i gContae na Mí faoin gClár Náisiúnta Sábháilteachta Dóiteáin na mBunscoileanna – thug pearsanra na seirbhíse dóiteáin cuairt ar bhreis agus 100 bunscoil ar fud Chontae na Mí mar chuid den chlár sábháilteachta dóiteáin seo.

Staitisticí Dóiteáin -2011

	An Uaimh	Dún Seachlainn	Cill Dhéaglán	Baile Átha Troim	Kells	An Seanchaisleán	An Obair	Iomlán
Foirgnimh Bhaile:								
Dóiteáin Simléir i dTithe	22	4	9	36	33	6	1	111
Dóiteáin Eile i dTithe	30	12	13	12	8	5	5	85
Árasáin & Árasáin Aon Seomra	6	2	2	0	1	0	0	11
Carbháin / Tithe Soghluaiste	3	1	1	2	0	0	0	7
Institiúidí:								
Scoileanna/Ospidéal/Eile	2	1	1	1	0	0	0	5
Tionsclaíoch:								
Monarchana	2	2	3	2	2	0	0	11
Tráchtáil:								
Siopaí /Ollmhargaí	3	1	1	1	0	0	0	6
Bialanna	0	0	0	1	0	0	0	1
Ostáin/Tithe Ósta/Tithe Lóistín	1	0	0	0	0	0		1
Seirbhís:								
Tithe Tábhairne	1	0	0	1	0	0	0	2
Bialanna	0	0	0	0	0	0	0	0
Áiteanna Siamsaíochta Poiblí	0	0	2	0	0	0	0	2
Eile:								
Feithiclí Mótair	32	16	11	16	6	0	2	83
Stáisiúin Pheitрил & Garáistí	0	0	0	0	0	0	0	0
Foirgnimh gan Áitiú	12	2	8	4	2	0	2	30
Foirgnimh Talmhaíochta	8	1	2	5	2	0	1	19
Foraois/Portach/Féarach etc	28	17	18	12	17	8	3	103
Stóras Faoin Spéir	17	4	6	7	1	3	1	39
Bruscar Faoin Spéir	43	7	10	7	22	0	1	90
Ighnéitheach	2	0	0	0	1	0	0	3
Iomlán na nDóiteán 2011	212	70	87	107	95	22	16	609
Eachtraí Bréagrabhaidh								
1. Mailíseacha	13	1	3	1	1	0	1	
2. Dea Rún	108	44	35	27	12	10	5	

Iomlán na mBréagrabhadh	121	45	38	28	13	10	6	261
Seirbhísí Speisialta								
Timpistí Tráchtá Bóthair	30	35	28	13	12	4	6	
Tuilte Pumpála Uisce	11	1	5	2	3	7	2	
Substaintí Guaiseacha	4	0	0	0	2	4	0	
Tarrthála Eile Nár Bhain le Dóiteáin	10	7	5	5	4	3	1	
Ilgneitheach	9	8	6	1	1	3	7	
Iomlán na Seirbhísí Speisialta	64	51	44	21	22	21	16	239
Iomlán	397	166	169	156	130	53	38	1109

6.16.3 Feachtas Sábháilteachta Dóiteáin na Nollag

Sheol Seirbhís Dóiteáin Chomhairle Chontae na Mí a feachtas Sábháilteachta Dóiteáin na Nollag bliantúil "Seachtain na Nollag" i Meánscoil San Seosamh, an Uaimh, Dé Céadaoin 30 Samhain. In éineacht leis an gCathaoirleach Eoin Holmes bhí Comhairleoirí eile, lucht bainistíochta na Comhairle, foireann na hOifige Dóiteáin agus grúpa mór daltaí chun an feachtas bliantúil maidir le sábháilteacht dóiteáin sa bhaile um Nollag, a sheoladh. Tá dhá cheann déag de phointí sábháilteachta dóiteáin sa bhróisiúr le léaráidí daite le meabhrú do dhaoine cad iad na gnáthghuaiseacha dóiteáin a bhaineann leis an Nollaig agus le daoine a spreagadh réamhchúraimí sábháilteachta dóiteáin a ghlacadh thar thréimhse na Nollag.

An Cathaoirleach Eoin Holmes in éineacht le Comhairleoirí, lucht bainistíochta na Comhairle, foireann na hOifige Dóiteáin agus daltaí ó Mheánscoil San Seosamh, an Uaimh.

7 TITHÍOCHT

Tá mar aidhm ag an rannóg Tithíochta tacaíocht tithíochta sóisialta a chur ar fáil do dhaoine nach bhfuil in ann freastal ar a riachtanais tithíochta lena n-acmhainní féin. Le trí bliana anuas tá éileamh ar thithe agus tá srian ar na hacmhainní agus ar an maoiniú chun riachtanais tithíochta ár gcliant a chomhlíonadh. €9.2m a bhí a Chlár Caipitil in 2011 i gcomparáid le €17.8m in 2010.

Thug Údarás Áitiúla na Mí na tionscaddail tithíochta seo a leanas chun críche: -

- 16 aonad Inacmhainne Cuid V i mbailte éagsúla ar fud an chontae.
- Ceannaíodh 13 theach sóisialta nua do dhaoine ar an liosta tithíochta.
- Leithdháileadh 24 aonad Scéim Cheannaigh Incrimintigh san Uaimh agus i mBaile an Bhiataigh.
- Ceannaíodh 10 n-aonad don tSaoráid Léasaithe Réamh-Chaipitil ag Knightsbridge, Baile Átha Troim.
- 15 aonad don Lucht Siúil ag Cluainte an Chaisleáin, Baile Átha Troim.
-

7.1 Tógáil & Ceannacht Tithíochta

Ceannaíodh 14 aonad ar fad i rith na bliana faoi chlár tithíochta díri na Comhairle, agus tógadh teachín tuaithe mar chuid de sin.

7.2 Leithdháiltí / Iarratais ar Thithíocht Shóisialta

Tháinig méadú 5% ar líon na n-iarratas ar thithíocht shóisialta in 2011, nuair a rinne beagán os cionn 1,000 líon tí iarratas ar thacaíocht tithíochta sóisialta. Leithdháileadh tionóntachtaí do 105 líon tí i rith na bliana. Leithdháiltí Tithíochta Sóisialta go príomha a bhí i gceist agus bhí roinnt tionóntachtaí san earnáil dheonach.

B'ionann an stoc tithíochta sa chontae ag deireadh na bliana agus 2,992 agus b'ionann an meánráta áitíochta agus 96%.

Le hachtú Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009 ghlac an Chomhairle Scéim Leithdháilte athbhreithnithe chun tacaíochtaí tithíochta sóisialta a chur ar fáil. Tugadh próiseas nua isteach in Aibreán 2011 faoi na Rialacháin um Mheasúnú maidir le Tithíocht Shóisialta 2011 chun líonta tí a mheasúnú i gcomhair tacaíochtaí tithíochta sóisialta.

7.3 Deontais Oiriúnaithe Tithe/Cabhair Tithíochta do Dhaoine Scothaosta/Deontais Áiseanna

Soghluaiseachta Tá na Deontais Oiriúnaithe Tithe, Cabhair Tithíochta do Dhaoine Scothaosta, Deontais Áiseanna Soghluaiseachta agus Deontais Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas fós ag cur le riachtanais tithíochta a chomhlíonadh trí na tithe atá ann cheana féin a oiriúnú chun freastal ar riachtanais na gcónaitheoirí. Chuir an Chomhairle maoiniú **€1,184,941.29** ar fáil do 134 tionscadal agus maoiniú €72,274 ar fáil d'oibreacha oiriúnaithe.

7.4 An Stoc Tithíochta a Chothabháil

Leanadh leis an gclár cothabhála beartaithe le linn na bliana.

Áiríodh ar na hoibreacha a rinneadh faoin gclár seo;

- Cothabháil ar choirí
- Fuinneoga agus doirse a athsholáthar
- Aonaid uisce agus fuíolluisce do thithe aonair a chur ar fáil agus a sheirbhísiú
- Tástáil radóin

Déantar iad sin go léir a mhaoiniú trí fháltais chaipitil inmheánacha. Tugtar tosaíocht gach bliain do dheisiúcháin éigeandála, phráinneacha agus do ghnáthdheisiúcháin agus déantar iad a chomhordú ag leibhéal ceantair.

7.5 Iarfheistiú Fuinnimh

Lean an Chomhairle ar aghaidh leis an gClár Iarfheistithe Fuinnimh a chur i bhfeidhm in 2011. Baineann an clár seo le tithe folmha go príomha. Chuir an clár ar chumas an údaráis áitiúil an éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú i 50 teach in 2011. Chomh maith leis sin, baineadh úsáid arís as naoi maoin a bhí folamh ar feadh i bhfad.

7.6 An Scéim Oibreacha Leasúcháin

Cuireadh tús i nDeireadh Fómhair 2011 in Eastát Tithíochta Townparks faoin Scéim Oibreacha Leasúcháin. Is ionann costas iomlán an athchóirithe agus €10m. Áirítear air sin naoi dteach a scartáil, agus 21 teach agus foirgneamh pobail a thógáil. Áirítear ann leis athchóiriú a dhéanamh ar 58 teagmhas údaráis áitiúil agus na uasghrádú a dhéanamh ar na seirbhísí, bóithre agus cosáin go léir.

7.7 An Scéim Athchóirithe Teachíní Tuaithe

Cuireadh tús le hathchóiriú ar 15 theachín tuaithe ag deireadh 2011, agus tá siad le críochnú in Aibreán 2012. Áirítear san athchóiriú córais phluiméireachta agus leictreachais nua a shuiteáil, insliú, córais teasa, uasghrádú ar chistiní agus ar sheomraí folcra agus córais cóireála uisce agus fuíolluisce, de réir mar is gá.

7.8 Cóiríocht don Lucht Siúil

Chabhraigh an Chomhairle le 63 theaghlach i rith 2011. Cuireadh cóiríocht ar fáil dóibh trí thacaíochtaí tithíochta sóisialta éagsúla. Thug Comhairle Chontae na Mí tógáil 15 aonad ag Cluainte an Chaisleáin, Baile Átha Troim, chun críche i nDeireadh Fómhair 2011, faoin bPlean Cóiríochta don Lucht Siúil.

7.9 An Scéim um Chóiríochta ar Cíos (RAS)

Tá tuairim is 1,350 duine i limistéir riaracháin Chomhairle Chontae na Mí agus Chomhairle Baile na Mí a bhfuil forlíonadh cíosa á fháil acu ar feadh tréimhse 18 mí nó níos faide. Aistríodh breis agus 280 duine chuig RAS faoi dheireadh na bliana. Leanadh le caibidlíocht le tiarnaí talún le linn na bliana.

7.10 Gradam Pobail Chomhairle Thithíocht Shóisialta na hÉireann

D'éirigh le Comhairle Chontae na Mí i nGradaim Thithíocht Shóisialta 2011 arna n-urrú ag Allianz a fógraíodh Dé Céadaoin 28 Meán Fómhair mar chuid de Chomhdháil Náisiúnta Shóisialta Dhébhlíantúil an ICSH i nGaillimh. Tugadh an gradam don Chomhairle faoin gcatagóir Réitigh Airgeadais Nuálacha do thionscadal nuálach ag Sráidbhaile Lucht Scoir, Baile Átha Troim.

Comhairle Contae na Mí i gcomhar le Tuath Cumann Tithíochta ar fáil 10 n-aonad faoin Áis Léasú Caipitil Réamhíochta ag Knightsbridge Village Scoir, Baile Átha Troim.

8 ACMHAINNÍ DAONNA

8.1 Leagan amach na Foirne

Tháinig méadú ar an líon foirne a chuaigh ar luathscor de bharr thabhairt isteach tréimhse cairde do bhaill foirne a bhí ag déanamh machnaimh faoi dhul ar scor, tréimhse nach mbeadh tionchar ar phinsin ag na laghduithe pá a tugadh isteach san Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail (Uimh. 2) 2009 (an tAcht FEMPI (Uimh.2) 2009). Bhí éifeacht ag tionscnaimh roimhe seo a dhírigh ar an líon foirne a laghdú, maille le tabhairt isteach na tréimhse cairde sin, ar an líon foirne i gComhairle Chontae na Mí ar fud na ngrád agus na rannóg go léir. Tíocfaidh deireadh leis an tréimhse cairde in 2012, nuair is léir éifeacht iomlán an bhirt seo.

D'iarr Acmhainní Daonna ceadú do na poist seo a leanas, a measadh a bhí riachtanach le líonadh i rith 2011:

- 2 x post do Mhaor Scoile i nDún Seachlainn – buan
- 1 x post do Mhaor Scoile san Uaimh – buan
- 12 x Oifigeach Cléireachais Sealadach – conradh 18 mí
- 1 x Stiúrthóir Seirbhíse – Ath-implonú
- 20 x Oibrí Ginearálta - buan
- 2 x Cúntóir Sláinte & Sábháilteachta – conradh téarma socraithe 11 mí
- 1 x Príomhoifigeach Dóiteáin

Ceadáíodh gach ceann de na hiarratais ar cheadú thuasluaite in 2011 ach rinneadh na leasuithe seo a leanas orthu 19 x Oibrí Ginearálta – conradh téarma socraithe 2 bliain

8.2 Tuairisceáin Foirne

Miondealú na foirne de réir earnála amhail Nollaig 2011 a cuireadh ar aghaidh chuig an Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil:

Miondealú na foirne de réir earnáil

Earnáil	Líon	WTE
Bainistíocht	6	6
Cléireachas/Riarachán	301	272
Gairmiúil / Teicniúil	133	133
Taobh Amuigh	228	208
Ar Conradh	32	21
Comhrac dóiteáin	72	11
Neamh-DoEHLG	2	2
Iomlán	774	653

Nollaig 2011

B'ionann an líon iomlán foirne sa tréimhse chéanna in 2010 agus 803, 681 díobh sin ina WTE.

8.3 Beartais & Nósanna Imeachta Acmhainní Daonna

Scaipeadh Beartas maidir le Dínit ag an Obair ar gach ball foirne de chuid Údaráis Áitiúla na Mí i rith 2011. Bhí seisiúin chleachta is eolais ar an mbeartas san áireamh san Oiliúint éigeantach do Bhainisteoirí Líne a cuireadh ar an bhfoireann i rith 2011.

8.4 Caidreamh Tionscail

Bíonn Údaráis Áitiúla na Mí ag obair leis na baill foirne go léir agus lena gCeardchumainn ionadaíocha go leanúnach d'fhonn saincheisteanna a eascraíonn ó am go ham a réiteach. Leanadh ar aghaidh le cruinnithe leis na Ceardchumainn go léir maidir leis na tionscnaimh a chur i bhfeidhm chun an coigilteas costais riachtanach a bhaint amach. Tionóladh cruinnithe rialta le SIPTU freisin chun an tAthbhreithniú ar Airíochas Uisce a bhrú chun cinn.

8.5 Aoisliúntas

Seo a leanas miondealú ar na gníomhaíochtaí aoisliúntais ar déileáladh leo in 2011:

Tábla 4. Miondealú ar ghníomhaíochtaí aoisliúntais

Gníomhaíocht	An Líon in 2011
Iarratais ar fhigiúirí Scoir roimh an Tréimhse Cairde	70
Dul ar Scor faoi Luathscor Costas-Neodrach	4
Dul ar Scor ó Údaráis Áitiúla na Mí	20
Aiscí do Dhaoine Neamh-Inphinsin	1
VEC – Áirimh maidir le cnapshuimeanna agus pinsin	3
Sochair Choinnithe - Ríofa	11
Líon na nIomarcaíochtaí	10

€1,113,669 an méid iomlán cnapshuimeanna ar íocadh le baill foirne Údaráis Áitiúla na Mí in 2011 agus íocadh €257,658.24 breise mar chnapshuimeanna do bhail foirne na gCoistí Gairmoideachais a chuaigh ar scor.

8.6 Oiliúint

Leanadh leis an infheistíocht in oiliúint foirne in 2011 ag teacht leis an riachtanas náisiúnta de 3% de chostais phárolla. Díródh níos mó ar oiliúint sláinte agus sábháilteachta in 2011. Léiríonn an tábla seo a leanas an céatadán caiteachais ar oiliúint in 2011 mar chéatadán den phárolla iomlán.

Riachtanas	Feidhmíocht maidir leis an bhFoireann go Léir
3 %	4.05%

Comhghairdeas lenár bhfostaithe a bhain cáilíochtaí amach i raon leathan disciplíní lena n-áirítear Riarachán Rialtais Áitiúil, TC, Sláinte & Sábháilteacht, etc.

8.7 Leas na Foirne

Cuireann Údarás Áitiúla na Mí folláine a bhfostaithe chun cinn trí thionscnaimh agus bheartais éagsúla, lena n-áirítear an tSeirbhís Tacaíochta d'Fhostaithe (ESS). Tugtar faisnéis agus tacaíocht ar fáil d'fhostaithe ar cheisteanna mar mhéala, sláinte na mban, sláinte na bhfear agus cúrsaí airgeadais.

9 TEICNEOLAÍOCHT NA FAISNÉISE

Rinneadh roinnt feabhsúcháin i rith 2011 de bharr na fíor-dhrochaimsire in 2010. Sna réimsí teileafónaíochta, cumarsáide inmheánaí, láithreáin ghréasáin agus na meán sóisialta a bhí na hathruithe a cuireadh i bhfeidhm.

Príomhghnóthachtálacha Eile:

Chuaigh Íocaíochtaí Leictreonacha beo maidir le roinnt seirbhísí. Cuireadh córas tuairiscithe airgeadais nua i bhfeidhm, rud a sholáthair níos mó infheictheachta bainistíochta líne ar bhuiséid agus ar chaitechas.

Thug láithreán gréasáin saindirithe nua, <http://countydevelopmentplan.meath.ie/>, tacaíocht do phróiseas an Phlean Forbartha Contae agus bunaíodh córas bainistithe doiciméad chun tacú le hobair chomhoibritheach in ullmhú an Phlean.

Cuireadh cuardaigh phleanála léarscáil-bhunaithe i bhfeidhm ag <http://www.meath.ie/Planning/SearchPlanningPermissionApplications/>.

Chuaigh an tseirbhís Leabharlainne beo agus baintear úsáid as meáin shóisialta lánpháirtithe – Blaganna, Facebook agus Twitter – chun cumarsáid a dhéanamh le custaiméirí. See <http://meathcountylibrary.wordpress.com/>.

Rinneadh uasghrádú ar stóráil sonraí agus ar an bhfreastalaí sonraí i rith 2011 chun soláthar a dhéanamh d'acmhainneacht níos mó agus do sholúbthacht níos fearr. Rinneadh nasc idir líonra Chomhairle Baile na hUaimhe agus Halla an Chontae thar an Líonra Achar Cathrach (MAN).

10 IOMPAR

10.1 Bóithre

10.1.1 Bóithre Náisiúnta a Thrasnaíonn Co. na Mí

Seachbhóthar Bhaile Shláine	Ar feitheamh cinneadh na hÉisteachta ó Bhéal
Mótarbhealach an M3 Cluain Aodha – Ó Thuaidh ó Cheanannas	Fáil talún fós á tabhairt chun críche Tairiscintí do Chosáin ar an M3 fógartha
R147 Comharthaíocht ar Bhóthar Réigiúnach	Scéim tugtha chun críche
N52 Forleagan cosáin Mullaghey	Tugtha chun críche
N2 Baile an Phléimeannaigh go dtí Curtis Cross Tuitearath go Baile an Phléimeannaigh & Rathfeigh Cross	Tosaithe
N52 Forleagan cosáin Bhaile na gCailleach	Tairiscint glactha
N52 Forleagan cosáin Balgeeth	An Chéim Dheartha
N52 Scéim Ailínithe Stephenstown go Fringestown	Cuid 8 ullmhaithe
N51 Forleagan cosáin ag Clarke's Cross, Halltown & An Ráth Mhór	Oibreacha tugtha chun críche
Scéimeanna Sábháilteachta ar Chostas Íseal an N2, N51 & N52	Oibreacha tugtha chun críche

10.1.2 Bealaí Neamhnáisiúnta i gCo. na Mí

R161 Feabhsúchán ar Bhóthar na hUaimhe, Baile Átha Troim	Oibreacha tugtha chun críche
An Clár Cuailí Eolais ar Bhóithre Réigiúnacha	Oibreacha fós ar siúl
L-1601 Ros na Rí – Balla coinneála, claifort a neartú agus bóthar a fheabhsú	Oibreacha tugtha chun críche go suntasach
Oibreacha forleagain ar an mbóthar isteach chuig Caisleán an Chillín (Corn Solheim)	Oibreacha tugtha chun críche
Scéimeanna Sábháilteachta ar Chostas Íseal ar Bhóithre Áitiúla & Réigiúnacha	
Cothabháil Droichid & Oibreacha Deisiúcháin ar Bhóithre Áitiúla & Réigiúnacha	

10.1.3 Scéimeanna Bóithre ag an gCéim Phleanála/Dheartha

- N3/R161 (Gleann Ghort an Tobair go Bóthar Bhaile Átha Troim, an Uaimh)
- N51 Dún Mó Céim 2
- R157 Bóthar Mhaigh Nuad/Dhún Búinne (Maigh Gadaí)
- Bóthar Bhaile an Cheantaigh go Bóthar na Bóinne
- R150 Seachbhóthar Dhamhliag
- R156 Dún Búinne/Cnoc an Línsigh
- R150 Damhliag/Baile Iúiliáin - Céim 2, Mionoibreacha

10.1.4 Scéimeanna arna maoiniú ag an Údarás Iompair Náisiúnta a tugadh chun críche in 2011

Trasrianta Coisithe 2011

- Cill Dhéagláin, Sráid Fhreidric
- Dún Búinne, Bóthar Rooske
- Baile Átha Troim, Cuarbhóthar
- An Bóthar Buí, An Phríomhshráid
- An Bóthar Buí, Bóthar Johnstown
- Maigh Dearbhaí, Bóthar Bhaile Átha Troim
- Maigh Dearbhaí, Bóthar An Bhóthair Bhuí
- Maigh Dearbhaí, An Phríomhshráid
- Ceanannas, Bóthar na hUaimhe
- Ceanannas, Sráid Bheighthí
- Ceanannas, Bóthar Headford
- Ceanannas, Sráid Mhaidilín
- An Seanchaisleán, Sráid an Teapail
- An Seanchaisleán, Sráid Oilibhéir Pluincéid
- An Uaimh, Bóthar Bhaile Shláine
- An Uaimh, Sráid an Iarnróid
- Sráidbhaile Dhún Uabhair
- Sráidbhaile Bhaile Shláine

Cosáin a Sholáthar

- Sráidbhaile Chrosa Caoil
- An Seanchaisleán, Sráid an Teapail
- Sráidbhaile Ráth Moliain
- An Bóthar Buí, An Phríomhshráid
- Drumcondrath
- Sráidbhaile Mhaigh Dearmhaí
- Sráidbhaile Ráth Tó
- Sráidbhaile Choill Chluana
- Dún Búinne, Bóthar Rooske
- Dún Búinne, Bóthar Chnoc an Línsigh

- Dún Seachlainn

Foscadán Bus a Sholáthar

- Uasghrádú ar 67 stad bus ar Bhealach Bus Éireann 109/109A
- An próiseas Cuid 8 maidir le 9 bhFoscadán Bus a sholáthar a thabhairt chun críche

11 PLEANÁIL

11.1 Athrú Eagraíochtúil

Chuir an Rannóg Pleanála tús le hathbheithniú cuimsitheach ar a struchtúr, próisis agus nósanna imeachta i rith 2011. Rinneadh comhchomhairle fhairsing le baill foirne agus le comhaltaí tofa agus cuireadh struchtúir neartaithe ar bun sa ráithe deiridh den bhliain. Tá atheagrú déanta ar an Rannóg le hacmhainní innealtóireachta suntasacha a bhíonn mar fhaisnéis ag tionscadail agus beartais iompair inbhuanaithe a chur san áireamh. Cuirtear na feidhmeanna Iompair agus Pleanála i gcrích faoi aon Stiúrtóireacht amháin anois.

11.2 Bainistiú Forbartha

Tá líon cobhsaí de thart ar 25 iarratas pleanála in aghaidh na seachtaine á dhéanamh anois. Fuarthas líon suntasach iarratas maidir le cur le fad na gceadaithe atá ann cheana féin.

Catagóir	Iarratais a cinneadh	% Deonta	% Diúltaithe	Líon na gcásanna dearbhaithe ag An mBord Pleanála	Líon na gcásanna freascurtha ag An mBord Pleanála
Forbairtí Tithíochta	5	100	0	2	0
Tithe Aonair	374	84	16	8	2
Eile	633	85	15	25	11
EIS de dhíth	27	85	15	3	1

Áiríodh ar na Mór-Iarratais Pleanála a fuarthas nó a cinneadh i rith 2011:

- Saoráidí scoile ag:
Dún Seachlainn, Mulhussey, Culmullen, Cill Dhéagláin, an Seanchaisleán, Moylough, Baile an Locha, Droim Conrach, Skryne, An Inse, Droichead Átha, Baile Iúiliáin, Colpe, Domhnach Cairnigh, Stigh Colláin, Ardee, Baile Átha Troim, Baile Íomhair, Cluain Ioraird, Baile an Bhágúnaigh.
- Saoráidí Spóirt nó Pobail ag:
Droichead Átha, an Inse, Damhliag, Domhnach Cairnigh, Cnoc an Línsigh, Baile Driú Mór agus an Seandroichead.
- Forbairtí tithíochta ag:
Cill Dhéagláin, Baile Átha Troim agus Cluain Aodha.
 - Saoráidí miondíola ar Iascaire nua i gCluain Aodha agus i gCill Dhéagláin.
 - Síneadh ar oibríochtaí ag New Boliden Tara Mines.
 - Forbairtí measctha tráchtála/cónaitheacha i nDún Seachlainn agus i gCluain Aodha.
 - Sínithe ar thionscail atá ann cheana féin san earnáil bia i gCurrach Átha agus i nDamhliag.
 - Páirc Carbhán / Tithe Mótair i gCill Mheasáin.
 - Saoráidí agraibhreaslaí / breoslaí inathnuaite Agri i gCeanannas.
 - Saoráidí tráchtála/déantúsaíochta i nDún Búinne.

Próifíl na nIarratas

Cead Imlíneach	4
Cead i ndiaidh chead imlíneach	2
Cead	936

Coinneáil	150
Síneadh Fad Ama	93
Cuid 8	6
Ceadúnas Ócáide	1
Sárú Abhartha	1
Deimhnithe Díolúine Alt 5 agus S97	97

11.3 Forbairtí maidir le hInfreastruchtúr Straitéiseach

- Plé réamhphleanála leis An mBord Pleanála maidir le Bremore Ireland Port.
- Plé réamhphleanála leis An mBord Pleanála maidir le hIarnród na hUaimhe-Bhaile Átha Cliath.
- Greenstar Ltd. Ardú ar an líon dramhaíola a nglactar leis ag an líonadh talún dramhaíola ceadaithe, an lorg oibríochtúil a shíneadh agus infreastruchtúr cóireála dramhaíola nua.
- Comhairle Baile na hUaimhe – Trasnú na hAbhann Duibhe, an Uaimh.

11.4 Scéimeanna Ranníocaíochtaí Forbartha

Fuarthas fáiltas €3.9m i Ranníocaíochtaí Forbartha i rith 2011, rud a léirigh ráta bailithe 97.5% den ioncam measta ón bhfoinse sin. Fuarthas Córas Bainistithe Féichiúnaithe freisin chun cabhrú le monatóireacht agus bainistiú a dhéanamh ar chuntais.

11.5 SPC do Phleanáil agus Forbairt Eacnamaíochta

Chas an SPC do Phleanáil agus Forbairt Eacnamaíochta le chéile ceithre uaire agus bhreithnigh siad na saincheistean seo a leanas a bhaineann le beartas:-

- Leagan eile de Phlean Forbartha Chontae na Mí 2007-2013 le Croí-Straitéis a léiríonn Treoir Pleanála Réigiúnaí a chur san áireamh.
- An chéim den athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Contae a bhaineann le Saincheistean Beartais Straitéisigh.
- Athbhreithniú ar phrionsabail na Cosanta Sonraí agus treoir maidir le faisnéis le cur isteach le tacú le hiarratas ar theaghais i gceantar tuaithe.
- An Straitéis Infreastruchtúir Glas (le cur san áireamh sa Phlean Forbartha Contae 2013).
- Riachtanais reachtúla don earnáil Cairéil.
- Athbhreithniú ar an Scéim Ranníocaíochtaí Forbartha

11.6 Rialú Pleanála a Fhorfheidhmiú

D'fhiosraigh Údarás Áitiúla na Mí 489 gearán maidir le forbairt neamhúdairithe agus neamhchomhlíonadh le coinníollacha ceaduithe pleanála in 2011.

Eisíodh 470 litir rabhaidh agus 142 fógra forfheidhmithe de bhun na n-imscrúduithe sin.

Tarchuireadh 39 cás chuig na cúirteanna.

Tógadh 16 eastát cónaitheach i gcúram.

11.7 Seirbhísí Comhairleacha agus Réamhphleanála

Is éard is aidhm leis an tionscnamh sin ná caighdeán na n-iarratas pleanála a leanann é a fheabhsú. Seachnaítear an gá le tuilleadh eolais a lorg nuair is féidir agus i roinnt cásanna sábháiltear na costais ar iarratas ar dóigh nach n-éireoidh leis.

Tionóladh 260 cruinniú réamhphleanála foirmiúil.

Tugadh comhairle réamhphleanála i 755 chás eile ar an teileafón agus ar ríomhphost.

11.8 Rialacháin Foirgneamh

Rinne an tOifigeach Rialaithe Tógála imscrúdú ar 135 foirgneamh.

Fuair an tÚdarás Rialaithe Tógála 80 deimhniú rochtana míchumais.

11.9 Pleanáil Chun Cinn

Ceann de na feidhmeanna is tábhachtaí atá ag an gComhairle Contae ná Plean Forbartha Chontae na Mí a ullmhú. Cuireann an Plean Forbartha creat straitéiseach ar fáil don fhorbairt nua go léir sa Chontae thar thréimhse an phlean. Bíonn sé mar fhaisnéis ag cosaint agus feabhsú taitneamhachtaí an Chontae, agus ag comhordú an tsoláthair infreastruchtúir maidir le húsáid talún atá ann anois agus a bheidh ann amach anseo.

I rith 2011 foilsíodh na páipéir ar Shaincheisteanna Straitéiseacha, fuarthas aighneachtaí agus thug Comhairle Contae na Mí treoir reachtúil don Bhainisteoir maidir le Dréachtphlean a ullmhú. Bhreithnigh na Comhairleoirí athruithe freisin le Croí-Straitéis a chorprú, agus le sceideal radharcanna cosanta a chur san áireamh sa Phlean Contae. Bunaíodh láithreán gréasáin tiomanta chun athbhreithniú a dhéanamh ar Phlean Forbartha Chontae na Mí in 2011, le feabhas a chur ar trédhearcacht agus ar theacht an phobal ar phróiseas an Phlean Forbartha.

12 COMHAIRLÍ BAILE

12.1 COMHAIRLE BHAILE CHEANNANNAIS

Is í Comhairle Bhaile Ceanannais an tÚdarás Áitiúil do Cheantar Uirbeach Ceanannas agus tá naonúr Comhairleoir a thoghtar go díreach aici.

An Comhairleoir Conor Ferguson a bhí ina Chathaoirleach don chéad leath de 2011 agus an Comhairleoir Brian Collins a tháinig i gcomharbacht air.

Seo a leanas na Comhairleoirí ar Chomhairle Bhaile Ceanannais in 2011:

Ainm:	Seoladh
Brian Collins	Bóthar an Chabháin, Ceanannas, Co. na Mí
Sean Drew	8 Corrán Ceanannais, Ceanannas, Co. na Mí
Brian Curran	4 Bailtíní Cholm Cille, Ceanannas, Co. na Mí
Tommy Grimes	14 Páirc an Athar McCullen, Ceanannas, Co. na Mí
Conor Ferguson	Bóthar na hUaimhe, Ceanannas, Co. na Mí
Frankie Lynch	40 Plásóg na Feá, Gort na Carraige, Co. na Mí
Bryan Reilly	Bóthar Ghort na Carraige, Ceanannas, Co. na Mí
Sarah Reilly	36 Bective Place, Ceanannas, Co. na Mí
Oliver Sweeney	Hurdlestown, Ceanannas, Co. na Mí

12.1.1 Gníomhaíochtaí Lárnacha

Cuireann Comhairle Bhaile Ceanannais raon leathan seirbhísí ar fáil lena n-áirítear:

- Tithíocht
- Forbairt & Rialú pleanála
- Bóithre Uirbeacha
- Uisce & Dramhuisce

12.1.2 Tithíocht

Tugadh tionscadal Athchóirithe Gharrán Ceanannais chun críche go hiomlán go luath in 2011 nuair a suiteáladh córas CCTV a thug aghaidh ar ábhair imní na gcónaitheoirí maidir le ceisteanna slándála a d'fhéadfadh a bheith ann sa cheantar.

12.1.3 Plean Bainistithe Tráchtá Ceanannais

Tá comhchomhairle fhairsing déanta leis an bpobal agus leis na Comhairleoirí tofa ar an réamhPhlean. Tá scrúdú cúramach déanta ar thuairimí agus ar aighneachtaí agus tá scéim chomhdhlúite á forbairt faoi láthair. Déanfar an dara chéim de chomhchomhairle leis an bpobal ag deireadh 2012.

12.1.4 Clár na nOibreacha Bóthair 2011

12.1.4.1 Sráid an Teampaill

Tugadh na hoibreacha feabhsúcháin ar Shráid an Teampaill chun críche in 2011.

Bhí an obair comhdhéanta de na gnéithe seo a leanas:

- An carrbhealach a atógáil i bpáirt agus a athdhromchlú go hiomlán.
- An príomhlíonra uisce d'iarann teilgthe agus na naisc seirbhíse a athnuachan.
- An córas uisce dromchla atá ann cheana féin a athnuachan.
- Línte a mharcáil

12.1.4.2 Plás Cheanannais

Cuireadh in 2011 leis na hoibreacha feabhsúcháin a bhí déanta cheana ag Plás Cheanannais nuair a leathnaíodh scéim feabhsúcháin na gcosán/an tsráidreacha ag Plás Cheanannais (ó Halla an Bhaile siar go Sráid Eoin). Áiríodh ar na hoibreacha:

- Na socrúithe atá ann cheana féin maidir le páirceáil carranna a athdhearadh chun athdhromchlú le tarramhacadam, seiteanna eibhir, leaca eibhir, pábháil aoilchloiche agus tógáil mullard aoilchloiche a chur san áireamh.
- Cáblaí lastuas ESB agus Eircom a chur faoin talamh.
- Plandáil crann agus troscán sráide a chur ar fáil.
- Na stadanna bus atá ann cheana féin a uasghrádú.

Rinneadh uasghrádú ar an líonra soilí poiblí sa cheantar agus cuireadh isteach soilse poiblí ísealvoltais nua atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh.

12.1.4.3 Trasrianta do Choisithe

Le cabhair ó mhaoiniú ón NTA, cuireadh trasrianta faoi rialú ar fáil ag na háiteanna seo a leanas.

- Sráid Mhaidilín
- Bóthar Cheanannais R163
- Bóthar na hUaimhe R147

Rinneadh an trasrian ar Bhóthar an Chabháin (an R147 ag Supervalu) a uasghrádú ó thrasrian síogach go dtí trasrian faoi rialú.

Samhlaítear go mbeidh an baile níos sábháilte agus níos fáiltiúla do chónaitheoirí agus do thurasóirí araon mar gheall ar na feabhsúcháin seo.

12.1.4.4 Uasghrádú ar Stadanna Bus

Thug Comhairle Chontae na Mí, ag obair i gcomhar le Bus Éireann agus leis an NTA, faoi uasghrádú ar bhealach an Bhus 109 (An Bóthar Réigiúnach R147 ó Bhaile Átha Cliath go dtí an Cabhán). Áiríodh sa tionscadal uasghrádú a dhéanamh ar stadanna bus a bhí ann cheana agus stadanna nua a chur ar fáil in áiteanna éagsúla.

Rinneadh uasghrádú ar na stadanna bus seo a leanas i gCeanannas:

- Plás Cheanannais Thuaidh
- Plás Cheanannais Theas
- Sráid an Tiarna Éadbhard
- Cuireadh stadanna bus nua ar fáil ag na háiteanna seo a leanas:
- Páirc an Athar Mc Cullen
- Páirc Ghnó Cheanannais

12.1.4.5 Rásaí Bóthair Cheanannais

Lorg agus fuair Comhairle Chontae na Mí, i gcomhar le Rásaí Bóthair Cheantar Cheanannais, 350k faoi mhaoiniú an Deontais d'Fheabhsúchán Sainiúil. Baineadh úsáid as an maoiniú chun uasghrádú a dhéanamh ar roinnt mhaith den R147 ag an mbealach isteach chuig Páirc Ghnó Cheanannais agus ar 2.6km den L6825-0 (bóthar Mountainpole). Rinneadh na hoibreacha sin chun uasghrádú a dhéanamh ar na bóithre ábhartha go dtí caighdeán a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach do rásaí bóthair Cheanannais 2012.

12.1.4.6 Scéim Comharthaíochta Bhaile Cheanannais

Tugadh an chéim deartha de scéim comharthaíochta Cheanannais chun críche in 2011 le súil agus soláthar agus seachadadh i lár 2012. Tabharfaidh an scéim aitheantas iomlán don M3 agus don N52 agus cuireann an dearadh stádas oidhreacht an bhaile san áireamh a mhéid agus is praiticiúil.

Cuireadh treochomharthaí turasóireachta chuig láithreacha stairiúla in airde ar fud an bhaile in 2011.

12.1.5 An Clár Sláintíochta 2011

12.1.5.1 Tionscadal Athshlánaithe an Phríomhlíonra Uisce

Rinneadh uasghrádú faoin scéim ar phríomhlíonra uisce d'íarrann teilgthe agus ar naisc seirbhíse ag na háiteanna seo a leanas:

- Sráid Mhaidilín
- Sráid an Chaisleáin
- Sráid Eoin
- Plás Cheanannais
- An Cuarbhóthar
- Sráid na gCanónach

12.2 COMHAIRLE BHAILE NA HUAIMHE

Is é Comhairle Bhaile na hUaimhe an tÚdarás Áitiúil do Cheantar Uirbeach na hUaimhe agus tá naonúr Comhairleoirí a thoghtar go díreach uirthi. Ba é an Comhairleoir Phil Brennan an Méara don chéad leath de 2011 agus tháinig an Comhairleoir Anton McCabe i gcomharbacht air.

Seo a leanas na Comhairleoirí ar Chomhairle Bhaile na hUaimhe in 2011:


Ainm:	Seoladh
Jim Holloway	Baile Fargáin, Bóthar na Bóinne, an Uaimh, Co. na Mí
Joe Reilly	Faughan Hill, an Bóthar Mín, an Uaimh, Co. na Mí
Anton McCabe	90 Fearann na Coille, An Uaimh, Co. na Mí
Francis Deane	5 Céide na hAbhann Duibhe, An Uaimh, Co. na Mí
Shane Cassells	52 Oakleigh, An Uaimh, Co. na Mí
Caoimhe Ni Shluáin	Baile Ghib, An Uaimh, Co. na Mí
Padraig Fitzsimons	Teach Chnóbha, Ráth Arlain, an Uaimh, Co. na Mí
Suzanne Jamal	'Rahmat', Flemington, Balrath, Co. na Mí
Phil Brennan	41 Plásóg an Airgid, An Uaimh, Co. na Mí

12.2.1 Airgeadas

€9m an caiteachas iomlán as Ioncam Buiséadaithe in 2011.

€60.54 an Ráta Bliantúil ar Luacháil a ghlac Comhairle Baile na hUaimhe i ndáil le 2011. An tOrdú um Theorainn a Athrú a tháinig i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2009 ba chúis leis an bhfigiúr sin. Dúradh san Ordú gur chóir don Athrú Teorann molta a bheith neodrach ó thaobh costais do Chomhairle Baile na hUaimhe agus do Chomhairle Chontae na Mí. Mar thoradh air sin, tá d'oireagáid ar Chomhairle Baile na hUaimhe a ARV a mhéadú céatadán socraithe ó 2010 go dtí 2015 d'fhonn a bheith ag teacht le ARV Chomhairle Chontae na Mí.

Seo a leanas miondealú i gcéatadáin ar Ioncam Buiséadaithe do 2011



Rátaí Bailiúcháin na Comhairle:

Rátaí Tráchtála 73%
Cíosanna 75%

Íocaíochtaí le Comhaltaí na Comhairle

Íocaíochtaí le comhaltaí faoi thaisteal & cothabháil	€17,733.00
Íocaíochtaí le comhaltaí i ndáil le comhdhálacha, seimineáir, etc.	€ 3,554.00
	€21,287.00

12.2.2 Áineas agus Taitneamhacht

Bhronn an Chomhairle deontais áineasa arbh fhiú €23,600 iad ar chumainn áititheoirí éagsúla, ar ghrúpaí spóirt, ar ghrúpaí drámaíochta, ar tharrthálacha aibhneacha agus ar eagraíochtaí a oibríonn le daoine faoi mhíchumas, leis an óige agus le daoine scothaosta. Bronnadh €800 eile ar cheolchoirmeacha bannaí ceoil.

12.2.3 Tithíocht

Leithdháileadh 12 teach i mbliana agus 1 iarratas faoin Scéim Cheannaigh ag Tionóntaí.

In 2009, tar éis comhchomhairle leis na Comhairleoirí agus mar fhreagra ar iarratas ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, chuir Rannóg Tithíochta Chomhairle Chontae na Mí roinnt tionscadal tosaíochta i ndáil le hoibreacha athnuachana faoi bhráid na Roinne lena mbreithniú.

Cé gurb í Scéim Oibreacha Leasúcháin Pháirc an Bhaile an phríomhthosaíocht, bhí oibreacha ar aonaid ag Ardáin Ultáin agus ag Bailtíní Bhríde san áireamh san aighneacht freisin. Cé gur ullmhaíodh dearadh i ndáil le hArdán Ultáin, ní bhfuarthas ceadú go dtí seo ón Roinn maidir le ceachtar den dá thionscadal seo.

12.2.4 Fáiltithe Cathartha

Thionóil an Méara agus Comhaltaí Chomhairle Baile na hUaimhe dhá Fháiltiú Cathartha in 2011 chun aitheantas a thabhairt d'éachtaí daoine aonair nó grúpaí sa phobal.

- Cónaitheoirí Athlumney Abbey – mar aitheantas ar an méid a bhain siad amach i nGradaim Mhórtas Ceantair Uile-Oileáin Co-Operation Ireland 2010.
- Chun oscailt oifigiúil Thionscadal Feabhsúcháin Shráid Watergate/Chearnóg an Mhargaidh a cheiliúradh.

12.2.5 Freastal ar Chomhdhála

Seimineár Oiliúna do Chomhairleoirí – Buiséad an Rialtais Áitiúil 2012 – an Comhairleoir Jim Holloway
Óráidíocht agus Dearadh Litríocht Fógraíochta – an Comhairleoir Suzanne Jamal.
An Chomhdháil AMAI – an Comhairleoir Anton McCabe agus an Comhairleoir Phil Brennan.

12.2.6 Ionad Ealaíon Ghrianstaid, An Uaimh

Cuireann Ionad Ealaíon Ghrianstaid raon leathan seónna agus imeachtaí ar siúl i gcónaí do shaoránaigh agus cuairteoirí chuig Baile Chontae na Mí. Thug tuairim is 40,000 duine cuairt ar an ionad in 2011.

In 2011, lorg Údarás Áitiúla na Mí cead ón Ard-Mhúsaem an méid atá fágtha de chrois an mhargaidh san Uaimh a chur ar taispeánt. Tar éis go leor leor ullmhaithe, comhaontaíodh iasacht agus mar sin cuirfean an chloch ar taispeánt buan ina mbaile dúchais.

Sa bhliain 1849 a tháinig W. F. Wakeman ar an gcloch seo ó dheireadh an séú haois déag ar Shráid Gheata Bhaile Átha Troim, áit a raibh sí in úsáid mar chloch thógála i mballa comhaimseartha. Tá an chros 22 orlach ar airde agus ocht n-orlach cearnógach. Tá léaráidí uirthi lena n-áirítear Armas Nangle agus culaith éadaí ó ré na banríona Eilís. Barúin na hUaimhe a bhí i muintir Nangle agus iad sin a chuir an chros mhargaidh in airde sa bhaile, rud a tharla go minic an tráth sin, rud a léirigh suíomh an mhargaidh agus an suíomh inar bhailigh daoine chun éisteacht le seanmóirí, le forógraí agus le fógraí poiblí.

Tá an chloch ársa ar taispeánt ag Ionad Ealaíon Ghrianstaid arís tar éis seal a chaitheamh san Ard-Mhúsaem.

12.2.7 Comhchoistí Póilíneachta

12.2.7.1 Cruinniú Poiblí

Bhí deis ag an bpobal a n-ábhar inní ar shaincheisteanna mar iompar frithshóisialta, sábháilteacht, cúrsaí tráchta, etc. a chur in iúl ag an gcruinniú poiblí a tionóladh i Meán Fómhair 2011 ag an Ionad Unity, Baile na Gaoithe, an Uaimh, Co. na Mí.

Chas an JPC le chéile trí huair in 2011 i.e. Feabhra, Meitheamh agus Meán Fómhair.

12.2.7.2 Láithreán Gréasáin JPC na hUaimhe Beo

Chuaigh Láithreán Gréasáin Chomhchoiste Póilíneachta na hUaimhe beo i rith an tríú ráithe de 2011. Tá gach eolas maidir leis an JPC ar fáil ar an láithreán gréasáin. Tugann an láithreán deis don phobal aiseolas a thabhairt i dtimpeallacht slán sábháilte. Is féidir teacht ar an láithreán gréasáin ag www.navanjpc.ie.

12.2.7.3 Ceamaraí CCTV

Suiteáladh ceamaraí CCTV i naoi áit ar fud Bhaile na hUaimhe. An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus Comhairle Baile na hUaimhe a rinne an Scéim, a chosain thart ar €200,000, a chómhaoiniú. Ní mór buíochas a ghabháil freisin le Comhlachas Tráchtála na hUaimhe, a d'oibrigh i gcomhar leis an nGarda Síochána agus le Comhairle Bhaile na hUaimhe chun an tionscadal a thabhairt chun críche. Bainfidh sé le hiompar frithshóisialta, ceisteanna faoi ord poiblí, gluaiseachtaí tráchta, cionta maidir le bruscair, etc.

12.2.7.4 Stádas Baile Saor ó Alcól don Uaimh

Tháinig éifeacht le Fodhlíthe Chomhairle Baile na hUaimhe (Rialáil agus Rialú maidir le hÚsáid, Tomhaltas agus Seilbh ar Shubstaintí Meisciúla) in áiteanna poiblí 2011 Dé Luain

10 Deireadh Fómhair 2011. Cuireann na Fodhlíthe seo cosc ar licéar/substaintí meisciúla a ghlacadh in áit phoiblí.

Beidh mar thoradh ar na Fodhlíthe a shárú go ngearrfar fíneáil sheasta €75 agus go mbeidh duine a sháraíonn na Fodhlíthe ciontach i gcion ar deireadh agus dlífeair, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €1,875 air nó uirthi.

12.2.7.5 Nuachtlitir Chomhchoiste Póilíneachta na hUaimhe

Scaipeadh Nuachtlitir Chomhchoiste Póilíneachta na hUaimhe ar os cionn 10,000 líon tí san Uaimh. Fuarthas aiseolas thar a bheith dearfach ar an méid eolais a bhí sa nuachtlitir a cuireadh ar aghaidh chuig roinnt Comhchoistí Póilíneachta ar iarratas uathu.

12.2.8 Mór-Thionscadail

12.2.8.1 Scéim le feabhas a chur ar Chearnóg an Mhargaidh/Shráid Gheata an Uisce

An Méara Phil Brennan a d'oscail an Scéim le feabhas a chur ar Chearnóg an Mhargaidh/Shráid an Gheata go hoifigiúil an 20 Aibreán 2011. Nocht an Méara agus an dealbhóir, Colin Grehan, an dealbh "The Bull" ag an oscailt oifigiúil.

12.2.8.2 Scéim le feabhas a chur ar Lána Metges

Cuireadh tús le hoibreacha ar Chéim 1 den Scéim lenar áiríodh ducttáil a chur ar fáil le freastal ar shoilse uasdíríthe maisiúla, uasghrádú ar an líonra uisce/fuíolluisce agus na hoibreacha gaolmhara uile.

12.2.8.3 Scéim Péinte Bhaile na hUaimhe

Seoladh an Scéim Péinte i mbliana. Dhírigh sí ar Shráid Gheata Bhaile Átha Troim agus d'éirigh go han-mhaith léi. Bhain os cionn 25 áitreabh leis an Scéim í féin. Rinne an Scéim Deontais, mar a comhaontaíodh, soláthar do ranníocaíocht 80% ón Údarás Áitiúil agus 20% ó gach gnó a ghlac páirt sa scéim. €19,000 an costas iomlán go dtí seo, lena – áirítear ranníocaíocht de thart ar €4,000 an ceann ó gach gnó a ghlac páirt sa scéim.

12.2.8.4 Comórtas Mórtas Áite Bhaile na hUaimhe

Ghlac os cionn 30 Cumann Áititheoirí, 40 gnólacht, 12 bunscoil agus 15 grúpa pobail páirt sa chéad Chomórtas Mórtas Áite Bhaile na hUaimhe, a thug cuireadh do gach duine difear dearfach a dhéanamh don chuma a bhíonn ar a n-eastát, siopa, sráid nó pobal.

12.2.8.5 Turas Siúil Phointí Mórtais - Turas Dealbhóireachta

Rinne Comhairle Baile na hUaimhe infheistiú i roinnt dealbh le bheith mar chuid de Turas Dealbhóireachta uathúil sa Bhaile. Gné thábhachtach den Turas Dealbhóireachta an chuid deiridh de Chros na hUaimhe a mhaireann atá ar taispeáint in Ionad Elaíon Ghrianstaid.

12.2.8.6 Áit Súgartha Oideachais & Riachtanas Speisialta - Pháirc Andy Brennan

Cuireadh tús le hoibreacha ar áit súgartha oideachais & riachtanas speisialta a chur ar fáil i bPáirc Andy Brennan san Uaimh sa ráithe deiridh de 2011. Tionscadal ceannródaíoch eile don Uaimh é sin, mar gheall gurb é seo an chéad Áit Súgartha Phoiblí den chineál sin in Éirinn.

12.2.8.7 Páirc Bhaile na hUaimhe

Síníodh doiciméid chonartha chun forbairt a dhéanamh ar an gcéad chéim de Pháirc Bhaile na hUaimhe sa ráithe deiridh de 2011. Áirítear ar na hoibreacha an bealach isteach agus an carrchlós, an tsiúlóid lúbchosáin sa Pháirc agus 3 pháirc imeartha féir a chur ar fáil.

12.2.9 Clár na nOibreacha Bóthair

Tugadh na scéimeanna bóthair seo a leanas chun críche in 2011 mar chuid de Chlár na nOibreacha Bóthair. Tá difear mór déanta do chaighdeán saoil agus do thimpeallacht maireachtála mhuintir an bhaile, ó tugadh na scéimeanna seo chun críche.

<i>Eastát Tionsclaíoch an Mhullaigh Bhuí</i>	<i>Trasrian coisithe a shuiteáil, athdhromchlú bóthair agus cosáin nua</i>
<i>Plás Kennedy</i>	<i>Pábháil a dheisiú</i>
<i>Eastát Tithíochta Chnocán na Feá</i>	<i>Athdhromchlú bóthair</i>
<i>Turas Siúil & Turas Dealbhóireachta</i>	<i>Cosáin a dheisiú</i>
<i>Lána Metges</i>	<i>Uasghrádú ar bhóthar, chosáin agus sheirbhísí faoin talamh</i>
<i>Silverlawns</i>	<i>Athdhromchlú bóthair agus cosáin a dheisiú</i>
<i>Sráid an Bhóthair Iarainn</i>	<i>Trasrian coisithe a shuiteáil</i>
<i>Eastát Tithíochta Belcourt</i>	<i>Cosáin a dheisiú</i>
<i>Bailtíní San Benildus</i>	<i>Cosáin a dheisiú</i>

12.3 COMHAIRLE BAILE BHAILE ÁTHA TROIM

Is é Comhairle Baile Bhaile Átha Troim an tUdarás Áitiúil do Cheantar Uirbeach Bhaile Átha Troim agus tá naonúr Comhairleoirí a thoghtar go díreach uirthi. Ba é an Comhairleoir Trevor Golden an Cathaoirleach don chéad leath de 2011 agus tháinig an Comhairleoir James O'Shea i gcomharbacht air.

Seo a leanas na Comhairleoirí ar Chomhairle Baile Bhaile Átha Troim in 2011:

Ainm:	Seoladh
Trevor Golden	Lána an Teampaill, Baile Átha Troim, Co. na Mí
James O'Shea	Geata na hUaimhe, Baile Átha Troim, Co. na Mí
Gerry Reilly	Teach Teaguestown, Ifearnóg, Baile Átha Troim, Co. na Mí
Vincent McHugh	Teach Stokestown, Láithreach Cora, Baile Átha Troim, Co. na Mí
Donal O'Brien	74 Garrán an Troim, Baile Átha Troim, Co. na Mí
William Fay	Knightsbrook, Baile Átha Troim, Co. na Mí
Philip Cantwell	"Villa Maria", Fearann an Mhainéir, Baile Átha Troim, Co. na Mí
Ronan McKenna	6 Leac an Ais, Baile Átha Troim, Co. na Mí
William Bligh	26 Páirc na mBráthar, Baile Átha Troim, Co. na Mí

I mí Bealtaine 2011 comhroghnaíodh William Bligh chuig an gComhairle mar thoradh ar Ray Butler a bheith tofa chuig an Dáil. Is príomh-sholáthróir seirbhísí í Comhairle Baile Bhaile Átha Troim sa bhaile sin atá ag fás i gcónaí. Cuireann sí fóram ionadaitheach, dhaonlathach ar fáil do mhuintir Bhaile Átha Troim chomh maith.

12.3.1 Clár na nOibreacha Bóthair

Leanadh leis an gClár Athchóirithe agus Atógála ar bhóithre agus ar chosáin i rith 2011 agus cuireadh na cáblaí lastuas go léir ar na sráideanna a ndearnadh atógáil orthu faoi thalamh.

12.3.2 Bailte Slachtmhara

Bhain Comhairle Baile Bhaile Átha Troim, i gcomhar le Coiste Bailte Slachtmhara Bhaile Átha Troim, caighdeán ard amach agus bronnadh Bonn Cré-Umha orthu ag Searmanas Náisiúnta na mBailte

Slachtmhara don tríú bliain as a chéile. Buaicphointe don Bhaile agus don Chomhairle nuair a ainmníodh Baile Átha Troim ar an mbaile ba ghlaine in Éirinn i Léig Bruscair IBAL.

12.3.3 Forbairtí i mBaile Átha Troim

Lean an Chomhairle ar aghaidh ag obair leis an gComhlachas Tráchtála ar roinnt tionscadal, mar shampla páirceáil saor in aisce i gcarrchlóis Dé Sathairn, agus páirceáil saor in aisce i mí na Nollag.

Thionóil an Chomhairle agus an Comhlachas Tráchtála chéad Fhéile Lae na mBailte Múrtha an 20 Lúnasa.

Bhí Comhairle Baile Bhaile Átha Troim bródúil a bheith ina hóstach ar an 99ú Comhdháil Bhliantúil den AMAI. Ba é sin an chéad uair a tionóladh an chomhdháil i mBaile Átha Troim agus tháinig suas le 200 toscaire go dtí an baile don chomhdháil trí lá.

12.3.4 Comhchoiste Póilíneachta Bhaile Átha Troim

Bunaíodh Comhchoiste Póilíneachta Bhaile Átha Troim go foirmiúil i mí Eanáir 2011. D'fhorbair agus sheol an Coiste a Phlean Gnímh i rith 2011. Is bealach tábhachtach é Comhchoiste Póilíneachta Bhaile Átha Troim chun ár bpobail a thabhairt le chéile agus a chosaint, agus chun cumarsáid a dhéanamh leo. Tá líon iomlán de 18 Comhalta ar Chomhchoiste Póilíneachta Bhaile Átha Troim. Is iad sin 9 Comhalta Tofa ó Chomhairle Baile Bhaile Átha Troim, 2 Comhalta ón Oireachtas, 3 Ionadaí Pobail, an Maoirseoir, an Cigire, Bainisteoir Baile Bhaile Átha Troim agus Cléireach Baile Bhaile Átha Troim. Ainmníodh an Clr. Ronan McKenna ina Chathaoirleach ar an gComhchoiste Póilíneachta.

13 AGUISÍN 2: GNÍOMHAIREACHTAÍ SPC

Gníomhaíochtaí na gCoistí um Beartas Straitéiseacha 2011		
Ainm	Cruinnithe a Tionóladh	Tuairisc ar Gníomhaíochtaí
Seirbhísí Comhshaoil & Éigeandála	3	<ul style="list-style-type: none"> Athbhreithniú ar Phlean Bainistithe Dramhaíola an Réigiúin Thoir Thuaidh Aighneacht Réigiúin Dramhaíola Thoir Thuaidh chuig an Athbhreithniú ar an mBeartas Náisiúnta Dramhaíola Iarratais ar Fhorbairtí maidir le hInfreastruchtúr Straitéiseach Líonadh Talún Basketstown Saotharlanna na Comhairle Tuarascáil Náisiúnta Dramhaíola an EPA 2009 Tuarascáil an EPA ar Chaighdeán Uisce in Éirinn 2007 – 2009 Plean an RMCEI 2011 An Creat-Treoir Uisce An Treoir maidir le Sliogéisc Treoir-dhoiciméad ar Uiscí Snámha Nuashonrú ar Pleananna Bainistithe Abhantraí agus ar an gCreat-Treoir Uisce agus Tuarascáil ar Fhoinsí Uisce Óil a Chosaint Iniúchtaí/Scrúduithe Sábháilteachta Dóiteáin Nuashonrú ar fheidhmiú Phóna Madraí na Mí Nuashonrú ar Sheirbhís Tréidliachta an Chontae
Forbairt Infreastruchtúir	2	<ul style="list-style-type: none"> Plean Cothabhála Geimhridh Tionscadal an Mhéadráithe Uisce Tráchtála Timpealláin a Chothabháil Clár na nOibreacha Bóthair 2011 Measúnú ar Riosca Tuilte
Forbairt Eacnamaíochta & Pleanáil	4	<ul style="list-style-type: none"> Athbhreithniú ar an Scéim Ranníocaíochtaí Forbartha Plé ar dhreasachtaí chun luath-íocaíocht na Ranníocaíochtaí Forbartha a spreagadh Páipéir ar cheisteanna straitéiseacha do Phlean Forbartha an Chontae Nuashonruithe ar phróiseas athbhreithnithe an CDP Cosaint Sonraí agus Treoir d'Iarratasóirí Pleanála Croí-Straitéis Éagsúlacht Uimh. 12 Infreastruchtúr Glas Nuashonrú ar Rialacháin maidir le Cairéil Nuashonruithe ar thionscadail maidir le Pleanáil Chun Cinn
Gnóthaí Tithíochta, Sóisialta, Cultúir & Pobail	4	<ul style="list-style-type: none"> Tuarascáil a fháil ar Rialacháin um Mheasúnú maidir le Tithíocht Shóisialta 2011 a leagann amach mionsonraí faoi phróisis nua maidir le measúnuithe sóisialta a dhéanamh agus eolas faoin measúnú reachtúil maidir le tithíocht 2011. Corrholúntais sa Stoc Tithíochta Dréachtchlár Infheistíochta Tithíochta Sóisialta (SHIP) – Leithdháileadh do 2011 Méadair leictreachais nó gáis réamhíochta a shuiteáil i maoinéirí cónaithe, lena n-áirítear Tithe Údarás Áitiúil Tuarascáil ar an Measúnú reachtúil 3 bliana maidir le Riachtanais Tithíochta Tuarascáil cothrom le dáta ar Chorrholúntais a fháil Méadair leictreachais nó gáis réamhíochta a shuiteáil Tuarascáil ar an Leithdháileadh deiridh den Chlár

Infheistíochta Tithíochta Sóisialta (SHIP) do 2011

14 AGUISÍN 4: ÍOCAÍOCHTAÍ LE COMHALTAÍ CHOMHAIRLE CHONTAE NA MÍ

Íocaíochtaí le Comhaltaí Chomhairle Chontae na Mí	
Costais Bhliantúla na gComhairleoirí (Taisteal & Cothabháil)	€172,685.79
Liúntais don Chathaoirleach and don Leas-Chathaoirleach	€ 39,000.00
Liúntais a íoctar le Cathaoirligh na gCoistí um Beartas Straitéiseacha	€ 24,000.00
Íocaíochtaí Ionadaíochta na gComhaltaí (faoi réir ag cánachas)	€476,633.98
Caiteachas iomlán maidir le comhdhálacha Sa Bhaile (€31,720.33) agus Thar Lear (€9,026.19)	€40,746.52
Comhdhálacha – Sa Bhaile (€22,393.33) agus Thar Lear (€2,288.20) – Taisteal agus Cothabháil	€24,681.53
Costais ilghnéitheacha	€6,634.79

15 AGUISÍN 6: COMHDHÁLACHA SA BHAILE

Teideal	Dátaí	Comhaltaí a bhí i Láthair
Ról na bhForas Stáit & an Athchóirithe Dlí maidir le Todhchaí Eacnamaíochta na hÉireann a Chur Chun Cinn	28/01/2011 – 29/01/2011	An Clr. Suzanne Jamel An Clr. Jenny McHugh Clr. Wayne Harding
Soláthar Uisce na nÚdarás Áitiúil	28/01/2011 – 30/01/2011	An Clr. Tracy McElhinney
Treoir Phraiticiúil maidir le Scileanna Meán do Chomhairleoirí	04/03/2011 – 06/03/2011	An Clr. Tommy Reilly An Clr. Wayne Harding An Clr. Jimmy Fegan
An Dlí Fostaíochta & Gnóthaí Árachais – na hiarmhairtí duitse agus do d'Údarás Áitiúil	04/03/2011 – 06/03/2011	An Clr. Noel Leonard
Bealach an Atlantaigh 2011	10/03/2011	An Clr. Tracy McElhinney
Seirbhís Pleanála an Rialtais Áitiúil	11/03/2011 – 13/03/2011	An Clr. Tommy Reilly An Clr. Noel Leonard An Clr. Jenny McHugh
Reachtaíocht Comhstádais agus a tionchar ar sholáthar seirbhísí in Údarás Áitiúla	18/03/2011 – 20/03/2011	An Clr. Jenny McHugh
Atógáil muiníne i bpobail tuaithe & uirbeacha	24/03/2011 – 25/03/2011	An Clr. Tracy McElhinney An Clr. William Carey
An tslí le bheith i do Chathaoirleach éifeachtach	01/04/2011 – 03/04/2011	An Clr. Noel Leonard An Clr. Tommy Reilly An Clr. Jimmy Fegan
Oiliúint do Chomhaltaí Tofa ar an Acht um Pleanáil & Forbairt (Leasú) 2010	11/04/2011	An Clr. Joe Reilly An Clr. James Holloway
Todhchaí na Polaitíochta Áitiúla	15/04/2011 – 17/04/2011	An Clr. Suzanne Jamel An Clr. James Holloway
Seimineár Earraigh LAMA – Athnuachan Eacnamaíochta: Ról don Rialtas	29/04/2011 – 30/04/2011	An Clr. Ann Dillon-Gallagher An Clr. Suzanne Jamel An Clr. Nick Killian An Clr. William Carey
Óráidíocht & Dearadh Litríocht Fógraíochta	13/05/2011 – 15/05/2011	An Clr. Wayne Harding

		An Clr. Jimmy Fegan
Fuinneamh Inathnuaite: Féadfaidh Rialtas Áitiúil Dífear a Dhéanamh	03/06/2011 – 05/06/2011	An Clr. James Holloway
Reachtaíocht chun athchóiriú a dhéanamh ar Rialtas Áitiúil	12/08/2011 – 14/08/2011	An Clr. William Carey An Clr. Jenny McHugh An Clr. Jimmy Cudden
Fuinneamh Inathnuaite á chur chun cinn ag Rialtas Áitiúil	19/08/2011 – 21/08/2011	An Clr. William Carey
Méadair Uisce Tí d'Éirinn	09/09/2011 – 11/09/2011	An Clr. Tommy Reilly An Clr. Jimmy Fegan
AMAI – An 98 ^ú Comhdháil Bhliantúil	08/09/2011 – 10/09/2011	An Clr. William Carey An Clr. Ann Dillon-Gallagher An Clr. John Farrelly An Clr. Tracy McElhinney An Clr. Maria Murphy An Clr. Brian Fitzgerald An Clr. Joe Fox

16 AGUISÍN 7: CRUINNITHE NA COMHAIRLE - 2011

Cruinnithe Míosúla	11
Cruinnithe Speisialta	5
Cruinnithe Bliantúla	1
Réamhbhuiséid agus Buiséid	2
Prótacail	11
CPG	11
SPC – Comhshaol	4
SPC - Infreastruchtúr	2
SPC – Sóisialta, Pobal & Cultúr	2
SPC – Pleanáil & Eacnamaíoch	4
Ceantar - Dún Seachlainn	14
- Ceanannas	8
- An Uaimh	11
- Baile Shláine	11
- Baile Átha Troim	11

17 AGUISÍN 8: RÁITEAS AIRGEADAIS BLIANTÚIL

Tuarascáil Airgeadais Bhliantúil Chomhairle Chontae na Mí 2011		
Caiteachas	Ioncam (€m)	Caipiteal (€m)
Tithíocht & Tógáil	11.937	14.541
Iompar ar Bhóithre & Sábháilteacht	27.253	24.955
Uisce & Séarachas	22.996	14.808
Dreasachtaí & Rialuithe Forbartha	8.622	0.649
Cosaint Comhshaoil	16.538	0.574
Áineas & Taitneamhacht	5.516	1.380
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas	8.395	0.253
Ighnéitheach	12.581	1.113
Iomlán	113.838	58.044
Ioncam (féach foinsí maoinithe thíos)	58.881	40.731
Glan-aistrithe		3.706
Glanchostas Ioncaim le maoiniú ag an gContae	(54.957)	
Rátaí	24.749	
Ciste Rialtais Áitiúil & Asbhaint a bhaineann le Pinsin	25.351	
Muirir chuig Uirbeacha	5.055	
Aistriú ó (chuig) Cúlchistí	(4.960)	
Barrachas/(Easnamh) don bhliain	1.474	(13.607)
Iarmhéid Tosaigh (01/01/10)	(8.330)	44.991
Iarmhéid Deiridh	(6.856)	31.384
Foinsí Maoinithe	Ioncam (€m)	Caipiteal (€m)
Deontais Stáit & Fóirdheontais	28.750	34.472
Iasachtaí		
Fáltais Eile		6.260
Cíosanna ó Thithe	7.159	
Iasachtaí Tithíochta	1.420	
Uisce agus Séarachas Tráchtála	4,607	
Táillí Pleanála	0.617	
Gníomhaíochtaí Áineasa & Taitneamhachta	0.190	
Muirir Dóiteáin	0.624	
Ranníoca Pinsean	1.275	

NPPR	1.095	
Ighnéitheach	13.144	
Iomlán	58.881	40.731
Liúntais chomhaltaí agus costais i gcomhair Comhdhálacha (€)		
	€	
Liúntas an Chathaoirligh agus SPC	63,080	
Aiscí Comhairleoirí	97,000	
Costais/Tuarastail	678,828	
Freastal ar Chomhdhálacha thar lear	3,789	